**Nihil Obstat:**
RECCAREDUS FLEMING,
*Cens. Theol. Dep.*

**Imprimi potest:**
✠ EDUARDUS,
*Archiep. Dublinen.,*
*Hiberniae Primas.*

*die 15ª Aug., 1925*

# Sgéalaiḋeaċt na Macabéaċ

## I.

### Ḋá Ċlaiḋe Ṁóra Árda.

Nuair a tuig Ptolemé nár ḃ'aon ṁaiṫ ḋó ḃeiṫ ag ḃraiṫ air go dtaḃarfaḋ na Iúdaiġ, íseal ná uasal, aon toraḋ air, do sgríḃ sé ċun Antioċus 'ġá innsint dó cad a ḃí déanta aige. Ḃí Antioċus lán d'áṫas. An t-aon ḟear aṁáin go raiḃ eagla aige roimis ḃí sé curṫa as an saoġal. Ḋéanfaḋ an congnaṁ a ḃí le fáġail aige ó Ptolemé an láṁ uaċtair a ṫaḃairt dó ar pé neart a ḋ'ḟéadfaḋ Eóin a ṫaḃairt 'n-a ċoinniḃ. Ḋéanfaḋ sé díoltas dearg ar na Iúdaiġ mar ġeall ar an éirleaċ a ḋeineadar ar mór ṡluaġ Ċendebéus. Ġeóḃaḋ sé forlámas ar an gcaṫair sin Ierúsalem agus ar an uile ḟód de ṫalaṁ Iúdéa.

Do ċruinniġ sé mór ṡluag líonṁar agus do ġluais sé isteaċ i Iúdéa. Aċ do ḋein Ptolemé rud ná raiḃ aon ċoinne leis. I n-inead feiṫeaṁ le h-Antioċus agus gabáil leis, is aṁlaiḋ a ṫeiċ sé as an dtír ar fad agus ċuaiḋ sé ag triall ar Zénó, rí caṫaraċ Ṗiladelṗia. Ní ḟeadair aoinne cad é an ċúis a ḃí aige le h-imṫeaċt. Aċ innstear gur ṁairḃ sé máṫair Eóin ṁic Ṡimoinn sar ar imṫiġ sé. Ní'l aon tuairisg ar conus a ḋ'imṫiġ leis 'n-a ḋiaiḋ san ná ar cad é an ċríċ a rug é.

Ṫáinig Antioċus agus a ṁór ṡluaġ isteaċ i dtír Iúdéa agus ṫug sé aġaiḋ ar ċaṫair Ierúsalem. Níor ḟéad Eóin agus pé neart slóġ a ḃí aige aon ċosg a ċur leis an mór ṡluaġ iasacta. Ċomáineadar

rómpa é go dtí gur ċuaiḋ sé isteaċ sa ċaṫair. Do dúnaḋ na geataí agus do tugaḋ aġaiḋ ar ċosaint na caṫraċ. Do ċuir Antioċus a ṁór ṡluaġ mór-ṫimpal ar an gcaṫair. Do deineaḋ an ċosaint go tréan. Ċun na caṫraċ do ċur ó aon ḃreiṫ ar ċabair ná ar bia ó'n dtaoḃ amuiċ, do ḋein Antioċus dá ḋíog ṁóra ḋoiṁne mórṫimpal ar an gcaṫair, agus dá ċlaiḋe ṁóra árda, mórṫimpal, ar an gcuma gcéadna, i dtreó ná raiḃ aon ḃreiṫ ag aoinne ar ḋul isteaċ ná ar teaċt amaċ. Ansan do ċuir sé suas, ar barr gaċ claiḋe de'n dá ċlaiḋe sin, mórṫimpal, túir láidire, árda, trí ċéad túr acu, agus iad ní b'aoirde 'ná fallaí na caṫraċ. Ansan do ċuir sé fir anáirde ar na túraiḃ sin ċun beiṫ ag láṁaċ saiġead le luċt cosanta fallaí na caṫraċ an faid a ḃí fir eile ag pollaḋ na ḃfallaí sin fúta síos. Deir Ióseṗus go raiḃ sluaġ an rí i gcruaḋċás ar feaḋ roinnt aimsire le h-easba uisge, agus ansan go dtáinig fearṫainn trom orta agus go raiḃ sí buan.

Aċ níor ḟéad an rí an ċaṫair do tógaint. Tugaḋ an ṁuinntir istiġ foga fíoċṁar láidir amaċ go minic, agus do ḋeinidís mórán toirmisg do'n ṁuinntir amuiċ. Níor ḃ'féidir, áṁṫaċ, d'aon ċróḋaċt seasaṁ i n-aġaiḋ easba biḋ. Ḃí an bia ag dul i ngannaċúirsiġe sa ċaṫair. Gan amras ḃí a lán daoine, óg agus aosta, istiġ sa ċaṫair agus iad go maiṫ ċun biḋ a ċaiṫeaṁ agus gan aon ṁaiṫ ionnta ċun na caṫraċ do ċosaint. Do ċruinnig Eóin iad i dteannta céile agus ċuir sé lasmuiċ d'ḟalla na caṫraċ iad. Ḃí, ansan, falla na caṫraċ laistiġ díoḃ agus an díog ṁór ḋoiṁinn úd agus an claiḋe árd, mórṫimpal, lasmuiċ díoḃ, agus gan aon ḃlúire biḋ acu le n-iṫe. Ḃíodar ag gol go h-árd agus ag blaiḋṫriġ leis an ocras. I gcionn tamail do tógaḋ isteaċ iad arís. Ba ċruaiḋ an gníoṁ é le déanaṁ, dá ḃfágtí amuiċ ansúd iad ċun go ḃfaiġdís bás do'n gorta. Níor



fágaḋ. Deaḃróċaḋ an sgéal, as ar tuit amaċ 'n-a ḋiaiḋ san, go raiḃ cúis éigin ná tuigtear ag Eóin ċun iad a ċur amaċ i n-aon ċor sa n-áit sin, idir an dá ḟalla. Níor caiteaḋ aon urċar leó ar na túraiḃ a ḃí anáirde ar na fallaiḃ lasmuiċ. Níor ḃ'aon ionġna é sin. Do tuig an naṁaid, dá ḃfágtí beó iad, go gcaiṫfí iad a tógaint isteaċ sa ċaṫair arís, agus gur mar sin ba túisge do h-ídeófí an bia, agus nuair a ḃeaḋ an bia ídiġṫe go dtuitfaḋ an ċaṫair. Deir an seanaċaiḋe gur ḃ'é cúis n-ar tógaḋ isteaċ tar n-ais iad ná so, go raiḃ féile ṁór na dtabernacul ag teaċt i ngar, agus mar ġeall air sin go dtáinig aiṫreaċas ar Eóin agus ar an muinntir istiġ nuair a ḃíodar ag éisteaċt leis an árdgol agus leis an mblaiḋṫreaċ lasmuiċ. Nuair a ċífar na neiṫe do tuit amaċ 'n-a ḋiaiḋ san tuigfar an sgéal níos fearr.

## II.

## Síoṫċáin 'á Déanaṁ.

Do tógaḋ isteaċ sa ċaṫair arís na daoine a ḃí amuiċ idir ḟalla na caṫraċ agus an díog ṁór ḋoiṁinn agus iad ag gol agus ag blaiḋṫriġ. Ansan do ċuir Eóin teaċtaireaċt amaċ ag triall ar an rí agus d'iarr sé sos cóṁraic air. Dubairt sé go raiḃ féile ṁór na dtabernacul ag teaċt agus nár ḃ'ḟoláir do sna Iúdaiġ an féile sin do ṡolumnú mar ba ġnáṫ, agus nár ṁór dóiḃ seaċt lá fáġail ċun na h-oibre sin a ḋéanaṁ. Do tuit rud iongantaċ amaċ ansan. Déarfaḋ duine nár ḃ'féidir d'aon rí an sos cóṁraic sin a taḃairt uaiḋ an uair sin. Ḃí fios aige nuair a ċonaic sé, agus nuair airiġ sé ag gol agus ag blaiḋṫriġ na daoine a cuireaḋ amaċ ar an gcaṫair, gur le h-easba biḋ a cuireaḋ amaċ iad.

Ḃí ḟios aige ná raiḃ aige le déanaṁ aċ an ġreim a ḃí aige do ċimeád agus nár ḃ'ḟada go gcaiṫfí an ċaṫair a ṫaḃairt suas dó gan coinġiol. Cad 'n-a ṫaoḃ nár ċimeád sé a ġreim? Cad 'n-a ṫaoḃ dó an sos cóṁraic a ṫaḃairt uaiḋ? Ní miste an ċeist céadna do ċur ó'n dtaoḃ eile. Ḃí ḟios ag Eóin gur ṫuig an rí an cás 'n-a raiḃ an ċaṫair le h-easba ḃiḋ. Cad a ċuir 'n-a ċeann go ḃféadfaḋ aon rí sos cóṁraic a ṫaḃairt agus neiṫe ar an gcuma san? Aċ d'iarr sé an sos cóṁraic; agus, rud ba ṁó d'iongna 'ná san féin, do fuair sé an sos cóṁraic! Ansan, áṁṫaċ, ṫáinig rud ba ṁó d'iongna 'ná aon taoḃ acu. Ḃí ḟios ag an rí Antioċus nár ḃ'ḟéidir an ḟéile ṁór san do ḟolumnú gan íoḋbirtí ḋéanaṁ. Ḃí ḟios aige nár ḃ'ḟéidir íoḋbirtí ḋéanaṁ gan ḃictimí. Cad a ḋein sé? Do ċuir sé isteaċ ag triall ar ṁuinntir na caṫaraċ na ḃictimí a ḃí riaċtanaċ ċun na n-íoḋbirtí ḋéanaṁ. Ċuir sé ċuca isteaċ na beiṫiḋiġ a ḃí riaċtanaċ, agus a n-aḋarca órṫa, agus iad gleusta mar ba ċeart ċun íoḋbirte. Ċuir sé isteaċ i dteannta na mbeiṫiḋeaċ, na h-arṫaí óir agus airgid a ḃí riaċtanaċ ċun na n-íoḋbirtí ḋéanaṁ mar ba ċóir do réir na dliġe. Ċuir sé isteaċ, leis, rainnt túiseana cúṁarṫa a ḃí ana ḋaor, agus rainnt airgid, agus neiṫe eile a ḃí riaċtanaċ. Do h-osgalaḋ geata agus do glacaḋ na neiṫe sin, agus ḃí Eóin agus muinntir na caṫaraċ buiḋeaċ go maiṫ de'n rí. Do cimeádaḋ an ḟéile mar ba ċóir.

Do tugaḋ féile na dtabernacul ar an ḃféile sin mar ċuiṁneaṁ ar an daċad blian a ṫug clann Israéil ag fánaiḋeaċt sa n-uaigneas lom ġainṁeaċ, sar a dtánadar isteaċ i dtír tarainge, .i. i dtír Palestín. I gcábánaiḃ a ḋeiniḋís cóṁnuiḋe i gcaiṫeaṁ an daċad blian san, agus is ionann tabernacul agus cábán. Ḃ'í an ḟéile sin na dtabernacul an ḟéile ba ṁó ag na Iúdaiġ. Do leanaḋ an ḟéile sin oċt lá. I



gcaiṫeaṁ an oċt lá san ḃí ḟiaċaint ar na fearaiḃ go léir imṫeaċt as a dtiġṫiḃ féinig agus cábáin do ċur suas dóiḃ féin amuiċ in sna páirceanaiḃ, nú amuiċ in sna sráideanaiḃ, nú anáirde ar na tiġṫiḃ, mar buaiceana leḃéalta a ḃíoḋ ar na tiġṫiḃ in sna tíor-ṫaiḃ sin. Tráṫ éigin i miṫeaṁ an ḟóġṁair iseaḋ do ṫosnuiġeaḋ an ḟéile, agus do leantí 'ġá cimeád ar feaḋ oċt lá, agus ḃíoḋ íoḋbirtí d'á ndéanaṁ ċun Dé i gcaiṫeaṁ an oċt lá san, agus ḃíoḋ íoḋbirtí móra an ċéad lá agus an t-oċtṁaḋ lá. Ansan do ṫagaḋ na daoine as na cábánaiḃ, nú as na tabernaculaiḃ agus ṫéidís isteaċ arís 'n-a dtiġṫiḃ féinig.

Nuair a ḃí féile na dtabernacul imṫiġte i gcaṫair Ierúsalem an uair sin do ċuir Eóin teaċtaireaċt amaċ ag triall ar an rí 'ġá iarraiḋ air siotċáin a ḋéanaṁ agus ag tairisgint coinġiolaċa ḋó. Do deineaḋ an tsiotċáin.

Sidiad na coinġiolaċa ar ar deineaḋ an tsiotċáin: go dtaḃarfaḋ clann Israéil uaṫa na h-airm a ḃí acu; go leagfí ar lár fallaí na caṫaraċ; go gcaiṫ-faḋ Eóin cíos áiriṫe do ḋíol a' Ioppe agus a' bailtiḃ eile a ḃí aige lasmuiċ de ṫír Iúdéa. Ḃí an rí sásta leis na coinġiolaċaiḃ sin, aċ d'éiliṁ sé go cruaiḋ dá ċoinġiol eile, .i. go nglacfí gairisiún de ṁuinntir an rí isteaċ sa ċaṫair agus go gcurfí suas arís an caisleán úd a leagaḋ. Do ṫoiliġ Eóin ċun ċúiġ céad talant airgid a ḋíol, aċ ná curfí an gairisiún san isteaċ sa ċaṫair. Do ṫoiliġ Eóin, leis, ċun daoine ṫaḃairt suas do'n rí i ngeall le ḃeiṫ ḋílis dó feasta. Aċ ní ṫoileóċaḋ Eóin i n-aon ċor ċun an ċaisleáin úd do ċur suas arís. Fé ḋeire do ġéill an rí ar an bpuinte sin.

Deir Ióséṗus go raiḃ gorta uaṫḃásaċ sa ċaṫair an ḟaid a ḃí an tsiotċáin sin 'á ḋéanaṁ, agus deir sé gur ṫuig muinntir an rí go raiḃ an gorta ann, agus go raḃadar ag taṫant go cruaiḋ ar an rí

leanṁaint ar an gcogaḋ, agus, ó ḃí an ċaoi aige air, na Iúdaiġ a ḋísgiú ar fad, mar gur naṁaid na Iúdaiġ a ḋísgiú ar fad, mar gur naṁaid don ċine ḋaonna gur ḃ'eaḋ iad agus ná beaḋ aon ḋo'n ċine daona gur ḃ'eaḋ iad agus ná beaḋ aon raṫ ar an saoġal go dtí go mbeidís íḋiġṫe glan amaċ as.

## III.

## Do tugaḋ na Gill.

Sin ceist agus is ceart feuċaint isteaċ innti agus í ḃreiṫniú. Cad 'n-a ṫaoḃ do'n rí an trioċċáin sin ḋéanaṁ i n-aon ċor an uair sin? Ḃeaḋ an ċaṫair aige gan aon teip i gcionn beagán aimsire. Ḃí an fear céadna san, Eóin, agus na Iúdaiġ céadna san a ḃí an uair sin ag fáġail ḃáis do'n ġorta, bíodar tar éis éirliġ a ḋéanaṁ ar ṁórṡluaġ an rí ċéadna san. Ċun díoltais a ḋéanaṁ ar an ḃfear san, agus ar na Iúdaiġ sin, mar ġeall ar an éirleaċ san, iseaḋ ċuir sé é féin agus a ḋaoine ċun na trioblóide go léir agus ċun an ċostais go léir, ag cruinniú mór ṡlóġ, 'ġá ngleusaḋ fé arm, 'ġá gcórú ċun cogaiḋ, ag soláṫar bíḋ dóiḃ, 'ġá seóladh trearsna tíorṫa fada fairsinge, 'ġá gcur ag obair go cruaiḋ ar na fallaiḃ úd agus ar an ndíg ṁór ḋoiṁinn úd mórṫimpal ar an gcaṫair, ċun í ṫógaint agus an t-éirleaċ céadna ḋéanaṁ ar na Iúdaiġ a ḋein na Iúdaiġ ar ṡluaġ Ċendebéuis, agus foġail na caṫraċ a ṫaḃairt d'á ṡluaġ mar ḋíoluiḋeaċt as a raiḃ d'anróḋ fuilisṫe acu agus as a raiḃ marḃ d'á muinntir go dtí san sa cogaḋ. Cad 'n-a ṫaoḃ dó a ġreim a ḃogaḋ de'n ċaṫair nuair a ḃí sí nách mór istiġ 'n-a láiṁ aige? Cad 'n-a ṫaoḃ ná raiḃ eagla air go n-éireóċaḋ a ṡluaġ féinig 'n-a ċoinniḃ nuair a ċífidís foġail na caṫraċ tógṫa uaṫa díreaċ nuair a ḃí an ḟoġail istiġ 'n-a



láiṁ acu nách mór, agus na Iúdaiġ, "naṁaid na cine daona," dar leó, d'á gcosaint orṫa díreaċ nuair a ḃí ar a gcumas iad a ḋísgiú as an saoġal i n-aon lán sgríb aṁáin? Ní féidir a ṫaḃairt ar an gceist aċ aon ḟreagra aṁáin. Míorḃúilt ó Ḋia ab eaḋ é go léir. Nuair a ḃí muinntir na caṫraċ brúiġṫe go talaṁ agus gan aon trúil le fuasgailt acu do ḋein Dia na Glóire, molaḋ go deó leis, an rud a ḋein sé go minic roiṁis sin agus go minic ó ṡin, d'ḟuasgail sé féin na daoine nuair ná raiḃ aon ċóṁaċt eile ċun iad d'ḟuasgailt. Do ṫug sé cogar éigin d'aigne an rí; ṫug sé le tuisgint do'n rí go gcaiṫfeaḋ sé an trioċċáin a ḋéanaṁ, nú mara ndéanfaḋ gur ḋó ba ṁeasa: Míorḃúilt éigin de'n tsórd san iseaḋ ċuir ḟiaċaint ar an rí na beiṫiḋiġ úd a ċur isteaċ sa ċaṫair nuair a h-iarraḋ an sos cóṁraic air ċun féile na dtabernacul do ṡolumnú. Gan aṁras do ċuiṁniġ sé ar an íde a ḋein Dia ar Ṡennacherib agus ar a ṡluaġ nuair a ḃí sé ċun na caṫraċ céadna san, caṫair Ierúsalem, do ṫógaint ar an gcuma gcéadna mórán céadta blian roiṁis sin, agus gur ṁairḃ aingeal an Ṫiġearna céad oċt ndeiċ a cúig de ṁíltiḃ fear air. Gan aṁras do ċuiṁniġ Antioċus go mb'féidir go ndéanfaḋ aingeal an Ṫiġearna ċéadna rud éigin de'n tsaġas le n-a ṡluaġ féinig dá ndeineaḋ sé an rud a ḋein Sennacherib.

Ḃí aiṫne ṁaiṫ ag na págánaiġ ar Ṫiġearna Dia na nIúdaċ, ar ṡliġe. Nuair a ḋeineaḋ náisiún éigin págánaċ cogaḋ do ċur ar Ċlainn Israéil, agus ansan nuair a ḋeineaḋ Dia leis an náisiún san rud éigin a ḃíoḋ cosṁail leis na neiṫiḃ a ḋein sé le Ṗaró agus le muinntir na h-Éigipte, nú cosṁail leis an íde a ḋein sé ar ṡluaġ Ṡennacherib, deireaḋ na págánaiġ eile:—

"Nár ṁór an diṫcéille dóiḃ sin cogaḋ do ċur ar na Iúdaiġ agus iarraċt a ḋéanaṁ ar iad a ḋísgiú?

Nár ċóir go gcuiṁneóċaidís ar an gcríċ a rug Paró agus a ṡluaġ, nú ar an gcríċ a rug sluaġ Sennacherib.”

Ḃíoḋ cainnteana ḋe'n tsaġas san i gcóṁnuiḋe i mbéalaiḃ na bpáganaċ i dtaoḃ na nIúdaċ. Ḃí ḟios acu go maiṫ go raiḃ Cóṁaċt éigin a ḃí níba ṫreise 'ná aon ċóṁaċt ṡaoġalta, ag cosaint na nIúdaċ ar a namaid. Ḃí an t-eólus 'n-a sgéalaiḋeaċt agus 'n-a ṡeanaċus béil eatarṫa. Mar ġeall air sin iseaḋ ḃí an fuaṫ marḃuiġṫeaċ acu do sna Iúdaiġ agus an fonn ṫar barr orṫa ċun ruḋ éigin a ḋéanaṁ a ḋís-geóċaḋ as an saoġal iad; díreaċ mar a ḃíon anois an fuaṫ marḃuiġṫeaċ céadna ag luċt ḋíċreidiṁ d'Eaglais Ċríost, agus an t-eagla céadna acu roimpi, agus an fonn céadna orṫa ċun í ḋísgiú as an saoġal dá ḃféadfidís é. Isé an sgéal céadna é anois agus an uair sin agus riaṁ ó ṡin, agus isé an sgéal céadna a ḃeiḋ ann go dtí deire an tsaoġail.

Ḃí an t-eagla roim Ṫiġearna Dia na nIúdaċ ar Antioċus. Do ḋein san fear mín cneasta síḃialta ḋe. Ḃí an t-eagla céadna ar a ṡluaġ. Ṫuigeadar go mb'ḟéidir, dá leanaidís ró ḋian ar an gcaṫair sin, go n-imṫeóċaḋ orṫa mar imṫiġ ar ṡluaġ Sennacherib. Do deineaḋ an tsíoṫċáin, do h-osgalaḋ na geataí. Do tugaḋ isteaċ an bia agus an deoċ. Ansan ḃí an ṁuinntir a ṫáinig agus muinntir na caṫraċ go h-ana ṡoilḃir agus go h-ana ṡuairc i gcóṁluadar a ċéile. Do tugaḋ na gill agus do díolaḋ an t-airgead agus do leog gaċ aoinne air go raiḃ sé sásta. Do tugaḋ na gill, agus ḃí driṫáir d'Eóin féin ar ḋuine acu. Ansan, nuair a ḃí gaċ aon ġnó déanta, agus gaċ aoinne ċóṁ sásta agus d'ḟéad sé ḃeiṫ, do ċruinniġ an rí a ṁór ṡluaġ agus do ṡeól sé leis iad soir ó ṫuaiḋ go h-Antioċ.



## IV.

## AIRGEAD AS AN mBANNC.

Tugaid cuid de'n luċt seanaċuis cúntas éagsaṁlaċ ar an gcuma 'n-a ḃfuair Eóin an t-airgead ab éigean dó a ḋíol ċun na síoṫċána d'ḟáġail. Ní raiḃ aon airgead i gciste na caṫraċ. Ḃí an ciste folaṁ. Deirtear, áṁṫaċ, go raiḃ stórus mór airgid fé ṫalaṁ i n-áit éigin, a gan ḟios do'n tsaoġal, i ndiaiḋ ríġṫe Iúda, stórus a ḃí d'á ċruinniú ó aimsir Ḋáiḃid, agus gur osgail Eóin an stórus san agus gur ṫóg sé, anios as, an trí ċéad talant a ḃí air a ḋíol leis an rí Antioċus. Deir dronġ gur ḃ'é an rí Dáiḃid féinig do ċruinniġ an stórus san agus do ċuir i ḃfolaċ fé ṫalaṁ é. Deir Ióséṗus gur i dtuama Ḋáiḃid a ḃí sé, agus gur ṫóg Eóin trí ṁíle talant anios as, agus nár ṫóg aon rí eile aon airgead as go dtí go dtáinig Héród, agus gur ṫóg sé sin rainnt éigin as.

Deir daoine eile, agus daoine géarċúiseaċa tuisgionaċa iseaḋ iad, ná raiḃ aon ḃunús i n-aon ċor leis an sgéal; nár ċuir Dáiḃid, ná aoinne eile de sna ríġṫiḃ, aon stórus de'n tsórd san i ḃfolaċ fé ṫalaṁ ná os cionn tailiṁ. Tá ċeiṫre leaḃair ann i n-a ḃfuil seanaċas ar na Macabéaċaiḃ. Ní'l glacaiṫe ag an Eaglais aċ dá leaḃar díoḃ san, an ċéad leaḃar agus an tarna leaḃar. Aċ deir an ceaṫramaḋ leaḃar díoḃ ná raiḃ an sgéal san, i dtaoḃ an stóruis ṁóir fé ṫalaṁ, aċ aṁáin 'n-a ráiḋteaċas i mbéalaiḃ daoine. Aċ deir Ióséṗus go raiḃ an stórus ann, agus gur ṫóg Eóin mac Ṡímoinn cuid de, agus gur ṫóg Héród cuid de 'n-a ḋiaiḋ san.

Adṁuiġtear gur ċruinniġ Dáiḃid agus Solomon cruaċa móra saiḋḃris. Aċ ní deirtear i n-aon

treanaċus gur ċuireadar aon ċuid de'n tsaiḋḃreas san i bfolaċ fé talaṁ i n-aon áit, 'n-a n-uaġnaiḃ ná i n-aon áit eile. A malairt isead is léir. Dá mbeaḋ a leitéid de stórus ann, agus dá dtógaḋ Eóin cuid de ċun an airgid úd a ḋíol le h-Antioċus, déarfí focal éigin 'n-a taoḃ, 'ġá aḋmáil nú 'ġá ṡéanaḋ, i leabar éigin de ċeiṫre leaḃraiḃ na Macabéaċ. Má ḃí sé ann cad 'n-a ṫaoḃ nár tóg aon rí eile aon ċuid de, de sna ríġtiḃ a táinig i ndiaiḋ Ṡolomoin agus Ḋáiḃid? Táinig a lán droċ ríġte 'n-a ndiaiḋ, agus rainnt ríġte fóġanta. Níor staon cuid de sna droċ ríġtiḃ ó'n dteampul do ċreaċaḋ. D'á olcas iad, náċ léir, dá mbeaḋ an stórus san fé talaṁ i n-aon áit, go dtógfidís é níba túisge 'ná mar a tógfidís an saiḋḃreas naoṁṫa a ḃí sa teampul? "Aċ b'féidir ná raiḃ ḟios ag aoinne cá raiḃ an saiḋḃreas mór i bfolaċ." Mara raiḃ ḟios ag aoinne cá raiḃ sé i bfolaċ conus ḟéadfaḋ Eóin mac Ṡímoinn teaċt air?

Agus má ḃí an stórus mór san ann, agus má ḃí eólus na h-áite i n-a raiḃ sé ag muinntir na caṫraċ, conus a tárla ná fuair ríġte paġánaċa na Suiriánaċ aon ċogar 'n-a taoḃ? Dá mbeaḋ sé ann agus eólus na h-áite i n-a raiḃ sé ag puinn daoine, ní baoġal ná go bfaġaḋ na ríġte paġánaċa san an t-eólus, agus ní baoġal ná go dtiocfidís air agus go dtógfidís é agus go mbéarfidís leó é soir go Baibilóin. Aċ bíoḋ go dtánadar go minic agus gur sgartáladar an teampul mór agus gur rugadar leó gaċ aon rud i bfuirm óir nú airgid gur ḟéadadar teaċt suas leis, ní'l aon tráċt i n-aon leaḃar a tugan cúntas orta, ar aon stórus fé talaṁ acu d'á ḟáġail agus d'á ḃreiṫ leó.

Aċ ḃí sagas eile saiḋḃris i gcaṫair Ierúsalem le linn na h-aimsire sin. Ḃí daoine sa ċaṫair agus sa tír mórtimpal agus ḃí mórán saiḋḃris acu. Níor



leog an t-eagla dóiḃ an saiḋḃreas a ċimeád 'n-a dtiġtiḃ féinig. Ḃí mar beaḋ bannc acu istiġ sa ċaṫair, i n-áit éigin láidir agus gan eólus na h-áite ag aoinne aċ acu féinig. Níor ḃaoġal go 'neósfaḋ aoinne acu féinig cá raiḃ an áit. Ḃí sa ḃannc san, i n-éagmais saiḋḃris na ndaoine sin, a lán saiḋḃris a ḃí i gcimeád ann ċun daoine dealḃa do ċoṫú. Deir cuid de luċt an treanaċuis gur as an mbannc san a tóg Eóin an t-airgead, ar iasaċt, agus le cead na ndaoine go mba leó é, ċun airgid na síoṫċána do ḋíol, agus gur cuireaḋ an t-airgead tar n-ais isteaċ sa ḃannc san ċóṁ luaṫ agus do féadaḋ é ċur tar n-ais.

## V.

## NAṀAID EILE FÉ SMAĊT.

Pé ball 'n-a ḃfuair Eóin an t-airgead do fuair sé é, agus do ḋíol sé é, agus ḃí an tsíoṫċáin daingean. Ansan, mar aduḃraḋ, do glacaḋ an rí Antioċus isteaċ i gcaṫair Ierúsalem, é féin agus na h-uaisle móra a ḃí i n-a ḟoċair agus ḃí an dá ċualaċt go h-ana ṁuinnteara le n-a ċéile, agus iad ag iṫe agus ag ól i bfoċair a ċéile go soilḃir agus go suairc agus go síoṫċánta.

Ansan do deineaḋ rud eile. Do ḋein Eóin agus an rí Antioċus cóṁaltas cogaiḋ le n-a ċéile. Agus do lean an cóṁaltas san an faid a ṁair Antioċus. Do ċóṁlíon Eóin a ṫaoḃ féinig de'n ċóṁaltas san go dílis. D'eiriġ cogaḋ idir Antioċus agus ríġte a ḃí 'n-a ċóṁarsanaċt, agus tug Eóin congnaṁ fear dó, agus tug an congnaṁ san buaḋ dó go minic. Níor ḃ'faḋa, áṁṫaċ, gur tuit Antioċus i gcaṫ. Ansan táinig Eóin agus a ċuid arṁála féinig abaile

go dtí Ierúsalem. Ag teaċt aḃaile ḋó do ṫug sé aġaiḋ ar ċaṫair Aleppo agus ṫóg sé í agus ċuir sé fé ċíos í.

Tar éis teaċt aḃaile d'Eóin ṁac Ṡímoinn an uair sin do ċrom sé ar ḟallaiḃ caṫraċ Ierúsalem do ċur suas arís, agus ḋein sé níba ṫreise agus níba ḋaingine iad go mór 'ná mar a ḃíodar ar dtúis. Níor ḃ'ḟada, leis, gur ṫug sé fé ndeara go raiḃ na tíorṫa lastoir, tíorṫa na Suiriánaċ, ag troid le n-a ċéile, ag lagú a ċéile agus ag marḃú a ċéile. Do ċruinniġ sé sluaġ láidir, cuid acu 'n-a nIúdaiġ agus cuid acu tógṫa aige ar tuarastal a' dúṫaiḃ iasaċta. Nuair a ḃí a ṡluaġ curṫa le ċéile aige do ġluais sé leó soir-óṫuaiḋ agus ṫug sé aġaiḋ ar ċaṫraċaiḃ na Suiriánaċ. Ní raiḃ puinn cos-naiṁ 'á ḋéanaṁ orṫa. Do ṫóg sé roinnt acu, fé mar a ṫuig sé go dtaḃarfaidís cumas ḋó ar ṡeilḃ na tíre do ċimeád agus ar a ṫír féinig do ċosaint ar an seana naṁaid, ar ċóṁaċt Ḃaibilóin. Madeba an ċéad ċaṫair acu ar a dtug sé aġaiḋ, agus b'í sin an ċaṫair ba ṫreise acu. Do ṫóg sé í tar éis imḋruidim leaṫ ḃliana. Ansan do ṫóg sé caṫair Samega agus a lán eile acu i n-Arabia agus i ḃPéinicia.

Nuair a ḃí an ċuaird sin taḃarṫa agus an obair sin déanta agus na caṫraċa san tógṫa ḃí an cluiċe iompuiġṫe ar fad aige ar ċóṁaċt na Suiriánaċ. In ineaḋ ríġṫe de ṡaġas Antioċuis, agus ríġṫe eile Antioċ a ḃeiṫ ag teaċt isteaċ i dtír na nIúdaċ agus 'ġá gcur fé n-a smaċt is aṁlaiḋ a ḃí na tíorṫa soir fé smaċt ag na Iúdaiġ feasta. Níor eiriġ aon ċóṁ-aċt lastoir 'n-a ḋiaiḋ san a d'ḟéad aon smaċt a ċur ar na Iúdaiġ. Ḃí tír na nIúdaċ saor glan ó smaċt iasaċta as san amaċ, agus ḃí Eóin mac Ṡímoinn 'n-a rí ar an dtír sin gan smaċt ná úġdarás ag aon rí os a ċionn. Sa ḃliain céad agus trí ḋeiċ roim teaċt an tSlánuiġṫeóra ab eaḋ é sin.



Ansan d'iompuiġ Eóin ar na Samaratánaċaiḃ, an naṁaid ṁailíseaċ úd a ḃí ag na Iúdaiġ i gcóṁnuiḋe riaṁ, ó aimsir Ierobóaim. Do ṫóg sé Sicem agus caṫair Gasarim agus do leag sé ar lár an teampul íodalaḃarṫa a ḃí ann, tar éis é ḃeiṫ ḋá ċéad blian 'n-a ṡeasaṁ, agus do sgrios sé as an áit na foir-gneaṁa agus na h-altóraċa do ċuir Iesebel suas ann, agus ċuir sé an tír go léir fé n-a smaċt féinig.

Ḃí naṁaid eile ag na Iúdaiġ, naṁaid a ḃí 'n-a gcóṁnuiḋe laisteas díoḃ, naṁaid go raiḃ gaol acu leó, .i. na h-Edomítiġ, sliocṫ an ḟir ruaiḋ úd, sliocṫ Esau. Driṫáir do Iácob ab eaḋ Esau san. Cúpla ab eaḋ é féin agus Iácob. An ḟaid a ḃí an ḃeirt i mbroinn a máṫar, Rebecca, ḃí imreasán éigin mír-ḃúilteaċ eatarṫa istiġ sa ḃroinn. Ḃíodar ag unfuirt fé mar a ḃeidís ag iomarsgáil, i dtreó go raiḃ uaṫḃás agus sgannra ar an máṫair go dtí gur ṫug Dia le tuisgint di go raiḃ beirt ṁac ar iompar aici, agus go síolróċaḋ ḋá náisiún ṁóra ó'n mbeirt sin, agus go mbeaḋ an dá náisiún san i n-a ḋá naṁaid agá ċéile aimsir ḟada. Na Iúdaiġ agus na h-Edomí-tiġ an dá náisiún san, sliocṫ Iácoib agus sliocṫ Esau, agus ḃí sliocṫ Edom i n-a naṁaid i gcóṁ-nuiḋe ag sliocṫ Iácoib.

Aċ do ċuir Eóin mac Ṡímoinn mór ṡluaġ Iúdaċ le ċéile agus do ġluais sé amaċ i gcoinniḃ na n-Edomí-teaċ agus ḃuaiḋ sé orṫa agus do smaċtuiġ sé iad. Nuair a ḃíodar smaċtuiġṫe aige do ċuir sé fógra amaċ go nglacfaḋ sé i gcaradas iad aċ iompáil ċun creidiṁ na nIúdaċ agus an ṗáganaċt a ḃí acu, agus nár ḋual dóiḃ a ḃeiṫ acu, do ċaiṫeaṁ uaṫa. Do ḋeineadar san agus do glacaḋ isteaċ iad, agus as san amaċ aon náisiún aṁáin ab eaḋ iad féin agus sliocṫ Iácoib, do ṁeasg an dá náisiún ar a ċéile ċóṁ maiṫ san.

## VI.

## Gaċ Taoḃ go Sásta.

Nuair a ḃí na Samaratánaiġ curṫa fé ċoir ag Eóin mac Śimoinn, agus na h-Edomitiġ taḃarṫa isteaċ aige i náiriún na nIúdaċ, agus na caṫraċa iasaċta úd lastoir agus lastuaiḋ, curṫa fé ċíos aige, ḃí sé 'n-a rí i gceart ar an dtír go léir.

Ḃí leasainm ar Eóin. Do tugtí Eóin Huircánaċ air. Deirtear sa ċeaṫraṁaḋ leaḃar de ṡeanaċus na Macabéaċ gur tugaḋ an leasainm sin air toisg gur ḃuaiḋ sé i gcaṫ ar laoċ éigin go raiḃ an ainm sin air, aċ deir luċt eólais náċ féidir a ḋéanaṁ amaċ le h-aon ċruinneas cad é an bríġ atá leis an leasainm. Tá an leasainm air sa tseanaċus go léir, aċ ní'l deiṁne ar conus a cuireaḋ an leasainm air.

Nuair a ḃí sé 'n-a rí i gceart, 'n-a lán ċumas, do ċuiṁniġ sé ar na Róṁánaiġ agus do ḋein sé mar a ḋein a aṫair, do ċuir sé teaċtaireaċt go dtí caṫair na Róṁa, fé mar a ċuir a aṫair, Simon, agus fé mar a ċuir driṫáraċa a aṫar, Iónatan agus Iúdás, nuair a ḃí gaċ duine acu i gceannas na tíre.

Simon mac Dositéuis agus Apollónius mac Alegsandair na h-ainimneaċa a ḃí ar an mbeirt teaċtairí a ċuir sé ag triall ar ṡeanaid na Róṁánaċ, ag aṫnuaċaint an ċaradais a ḃí idir iad agus a aṫair. Innstear gur ċuir sé roinnt taḃartaistí luaċṁara, leis na teaċtairiḃ sin, ag triall ar na Róṁánaiġ. Deirtear sa ċeaṫraṁaḋ leaḃar Macabéaċ go raiḃ ar na taḃartaistiḃ sin sgiaṫ agus gur ḃ'ḟiú caogad mile píosa óir í. Innstear sa leaḃar ċéadna gur cuireaḋ na teaċtairí 'n-a suiḋe i n-aice leis an gconsul Róṁánaċ, agus gur ṫug an tseanaid teidiol rí d'Eóin sa leitir a ṫugadar do sna teaċtairiḃ le



breiṫ leó abaile ċuige. Do ġlac Eóin, agus ċimeáḋ sé an ġairm rí sin as san amaċ. 'N-a ṫeannta san do ṫug seanaid na Róṁánaċ suas d'Eóin an dá ċaṫair úd, Ioppe agus Gasara, agus roinnt eile áiteana a ḃí bainte de sna Iúdaiġ ag Antioċus roimis sin. Ansan d'órduiġ an tseanaid fáġaltas airgid a ṫaḃairt do sna teaċtairiḃ mar ċostas bóṫair ag teaċt abaile ḋóiḃ, agus ṫugadar leitireaċa ḋóiḃ ċun na n-uaċtarán a ḃí ar na tíorṫaiḃ ar an sliġe rómpa, 'ġá órdú go dtaḃarfí ḋóiḃ an onóir ba ċeart a ṫaḃairt dóiḃ.

'N-a ṫeannta san d'órduiġ an tseanaid go ndéanfí leórġníoṁ in sna h-eugcórtaiḃ ar ar ġearáin na teaċtairí i gcoinniḃ na Suiriánaċ, agus go gcurfí ar neaṁníḋ gaċ a raiḃ reaċtuiġṫe ag Antioċus agus ag an rí 'n-a ḋiaiḋ, i gcoinniḃ an ċonarṫa a ḃí idir na Róṁánaiġ agus aṫair Eóin. Níor ḟág an tseanaid an t-órdú san gan cur ċun cinn. Do ċeapadar meastóirí ċun dul agus an t-órdú do ċur i ḃfeiḋm do réir ċirt. Ansan ṫáiniġ na teaċtairí abaile go Ierúsalem, agus do tugaḋ dóiḃ ar an sliġe an onóir a ḃí órduiġṫe ḋóiḃ ag seanaid na Róṁánaċ, agus ḃíodar lán tsásta 'n-a n-aigne féin leis an obair a ḃí déanta acu, agus ḃí Eóin agus na Iúdaiġ go léir lán tsásta leis an dtuairisg a fuaradar ar an obair.

Ḃíodar go léir ċóṁ sásta san gur ċuir Eóin teaċtairí eile uaiḋ an ḃliain 'n-a ḋiaiḋ san, agus tuille bronntanaisí acu, 'ġá iarraiḋ go ndéanfí deiṁniú ar na neiṫiḃ sin go léir a ḃí reaċtuiġṫe ag an seanaid ar a ṡon. Do deineaḋ an deiṁniú go daingean agus go fonnṁar, agus do gaḃaḋ buiḋeaċas na nIúdaċ leis an seanaid agus le Pobul na Róṁánaċ, agus ḃí gaċ níḋ 'n-a ċeart agus gaċ taoḃ go sásta.

## VII.

## RÍ FÓĠANTA.

Nuair a ḃí na gnóṫaí sin socair ċun a ṫoile ag Eóin, idir é féin agus na Rómánaiġ, do ṁoṫuiġ sé é féin láidir, neaṁspleáḋaċ. Ḃí rud eile, leis, agus ċuir sé breis nirt sa ṁoṫú san. Ḃí an dá ríġeaċt, Siria agus an Éigipt, sáiḋte i gcogaḋ agus an cogaḋ san ag leanṁaint go buan. D'ḟág san a ṁalairt de ċúram orṫa san i n-éaġmais ḃeiṫ ag déanaṁ aon ċur isteaċ ar ṫír na nIúdaċ.

Ḃí, um an dtaca san, sa ḃliain céad ḋá ḋeiċ a sé roim Ċríost, Alexandar Sebina tagaiṫe i réim 'n-a rí ar Ṡiria. Ḋein sé caradas go luaṫ le h-Eóin. Ḃí san go maiṫ aċ níor lean sé aḃfad. Níor ḃ'ḟada gur ṁairḃ Antioċus Grípus Alexandar agus gur ḋein sé rí de féinig. Ḃí fearg mór ar Ġrípus ċun Eóin mar ġeall ar an gcaradas. Ḃí sé 'ġá ullṁú féin ċun foġa taḃairt fé Iúdéa. Ḃí druṫáir aige, áṁṫaċ, agus ḃí an druṫáir ag ullṁúċán ċun foġa taḃairt faoi féin. D'ḟág Eóin fúṫa é. Níor ġaiḃ sé páirt le h-aoinne acu. D'ḟan sé sa ḃaile agus ṫug sé aire d'á ríġeaċt féin go síoṫċánta suaineasaċ. De ṫoraḋ na síoṫċána san níor ḃ'ḟada gur ċuir sé mórán saiḋḃris i dteannta ċéile. Fuair sé mórán saiḋḃris ó n-a ḋaoine féin, mar ḃí an tsíoṫċáin acu agus ḃíodar ag saoṫrú na talṁan agus ḃí an talaṁ go maiṫ, agus ḃí ḟios acu go raiḃ an rí a ḃí acu go maiṫ ċun iad a ċosaint ar naṁaid iasaċta, agus sé airgead a ṫugaidís dó náċ i n-aistear a ṫugaidís dó é. D'á éaġmais sin ḃí cíosana troma ag teaċt isteaċ ċuige ó sna caṫraċaiḃ iasaċta agus ó sna tíorṫaiḃ iasaċta a ḃí taḃarṫa fé smaċt a láiṁe aige. Ar an gcuma san do saiḋḃiriġeaḋ é go mór, agus do



cuireaḋ ṫar n-ais, isteaċ sa ḃanc úd an t-airgeaḋ úd a tógaḋ ar ċun na síoṫċána do ċeannaċ an uair úd ó'n rí Antioċus.

Tar éis suím aimsire ḋein muinntir Ṡamaria droċ ċóṁarsanaċt éigin ar ċaṫair Ṁaressa. Ḃí an ċaṫair sin i gcaradas an uair sin le h-Eóin agus níor ḃ'ḟoláir dó páirt a ġaḃáil léi. Ḃí caṫair Ṡamaria curṫa suas airís an uair sin, agus í daingean, láidir, ullaṁ ar í féin a ċosaint. Ṫáinig Eóin agus a ḃeirt ṁac, Aristóbulus agus Antigonus, agus arṁáil líonṁar acu, agus éaċt de sna córaċaiḃ a ḃí riaċtanaċ ċun na caṫraċ d'imḋruidim agus do ṫógaint. Ḋeineadar an t-imḋruidim. Ḋeineadar claiḋe árd agus díog ḋoiṁinn mórṫímpal ar an gcaṫair agus ba ġearr go raiḃ muinntir na caṫraċ ag fulag gorta, ag iṫe na gcat agus na madraí. Ba ġearr 'n-a ḋiaiḋ san ná raiḃ na cait ná na madraí féin acu le n-iṫe. Fuaradar caoi, ar ċuma éigin, ar teaċtaireaċt do ċur ag triall ar Antioċus Cisicénus a ḃí 'n-a rí ar Ṡiria an uair sin, 'ġá iarraiḋ air teaċt le cabair ċuca. Ṫáinig sé agus sluaġ líonṁar aige. Ḃí féile mór ag teaċt ar na Iúdaiġ. B'éigean do'n rí, d'Eóin, dul ṫar n-ais go Ierúsalem ċun na féile sin do ṡolumnú. D'imṫiġ sé go Ierúsalem, aċ d'ḟág sé gnó an ċogaiḋ fé n-a ḃeirt ṁac. Ċóṁ luaṫ agus d'airiġdar san go raiḃ rí Ṡiria ag teaċt ḋeineadar ḋá ċuid d'á neart slóġ, agus ċuireadar cuid de fé Aristóbulus amaċ i gcoinniḃ rí Ṡiria. Do troideaḋ caṫ fuilteaċ idir Aristóbulus agus na Siriánaiġ. Do buaḋaḋ ar na Siriánaiġ agus do cuireaḋ ár agus dearg ruaṫar orṫa agus is ar éigin a rug an rí Antioċus Cisicénus a anam leis saor ó'n gcaṫ. Ansan ṫáinig Aristóbulus ṫar n-ais agus do leanaḋ go dian ar imḋruidim na caṫraċ. Ċuaiḋ teaċtaireaċt eile ag triall ar Antioċus 'ġá iarraiḋ air teaċt agus fóiriṫint ar an gcaṫair. Níor ṫáinig sé.

Níor ḃeag leis ḋíoḃ mar Iúdaiġ. Fé ḋeire do tógaḋ an caṫair. Ḃí caṫair eile, caṫair Scutopolis agus tug na Iúdaiġ fé í ṫógaint. Tógadar í gan puinn trioblóide. Tógadar roinnt eile áiteana, leis, gan puinn trioblóide. Ansan ḃí Eóin mac Ṡimoinn, nú Eóin Hurcánaċ, 'n-a rí i gceart ar Ġaililí agus ar Ṡamaria go léir. Rí fóġanta ab eaḋ é, agus rí diaḋa do b'eaḋ é. Ḃí an breiṫeaṁantas agus an oilteaċt ṫar barr aige i ngnóṫaiḃ cogaiḋ, agus ḃí sé dílis do ḋliġe Dé i ngnóṫaiḃ creidiṁ. Ċuir sé cáil náisiúnda ar na Iúdaiġ, agus meas ar a gcreideaṁ, meas agus cáil ná raiḃ orṫa go dtí san ó ṫeaċt abaile ḋóiḃ as an mbraiġdineas.

## VIII.

## EASONÓIR DO'N RÍ.

Do ċuir an ṁeaḃair ċinn, agus an éirim aigne, agus an neart toile, agus an oilteaċt ar ġnóṫaiḃ cogaiḋ agus siotċána, a ḃí ag Eóin mac Ṡimoinn, do ċuireadar a ċáil féinig agus cáil na ríġeaċta a ḃí sé n-a láiṁ, suas go h-árd os cóṁair an doṁain go léir. Aċ deir Iósépus, agus deir an ceaṫraṁaḋ leaḃar de leaḃraiḃ na Macabéaċ, gur ḃ'é rud a ċuir a ċlú agus a uaisleaċt os cionn ar ṫáinig de ríġṫiḃ roiṁis agus ar ṫáinig ḋíoḃ 'n-a ḋiaiḋ ná so, trí ṡaġas uaisleaċta ḃeiṫ air i n-aonfeaċt, é ḃeiṫ 'n-a rí uasal, agus i n'árdsagart uasal, agus i n'ḟáiġ uasal, trí ṡaġas uaisleaċta ná raiḃ riaṁ i n-aonfeaċt ar aon ḟear aċ air. Deir Iósépus gur ḋuine ana naoṁṫa é. Ṫáinig sé abaile go dtí Ierúsalem, mar aduḃraḋ, ċun gnó árdsagairt a ḋéanaṁ agus na n-íoḋbirtí d'offráil ċun Dé lá na féile móire. Innsean Iósépus go raiḃ sé istiġ sa Sanctum Sanctórum ag offráil túise nuair



a ḃuaiḋ a ṁac Aristóbulus ar na Suiriánaiġ, agus gur airiġ sé guṫ ag labairt agus 'ġá innsint dó gur ruġaḋ an buaḋ san. Ḃí árd ċion aige ar an mbeirt ṁac san, Aristóbulus agus Antigonus, agus ḃíoḋ sé coitċianta 'ġá iarraiḋ ar Ḋia a ċur i n-iúil dó cia 'cu de'n ḃeirt a ḃeaḋ i réim 'n-a ḋiaiḋ. Do cuireaḋ i n-iúil dó, áṁṫaċ, go raiḃ mac eile dó a ḃí gan teaċt ar an saoġal fós, agus go mbeaḋ an mac san i réim 'n-a ḋiaiḋ. Níor ṫaiṫn san leis. Do ruġaḋ an tríṁaḋ mac tamal 'n-a ḋiaiḋ san, agus ċuir an t-aṫair go Ġaililí ar oileaṁaint é, ag braiṫ ar go mb'ḟéidir go gcoisgfaḋ rud éigin é ar ṫeaċt i réim 'n-a ḋiaiḋ. Níor ċoisg. Aċ do foillsiġeaḋ dó go mbeidís go léir i réim 'n-a ḋiaiḋ, agus do ṫargair sé go mbeaḋ réim Aristóbuluis agus réim Antigonuis ana ġairid, agus ansan go dtiocfaḋ an tríṁaḋ mac, .i. Alegsandar, i réim. Do fíoraḋ an targaireaċt san. Deir an seanaċas go n-innstear a lán eile neiṫe de'n tsórd san i dtaoḃ Eóin, aċ nác léir go ḃfuil deiṁne orṫa; go mb'ḟéidir gur fíor iad agus go mb'ḟéidir nác fíor. Ní'l an ceaṫraṁaḋ leaḃar de leaḃraiḃ na Macabéaċ ar leaḃraiḃ canónaċa na h-Eaglaise.

Aċ is gnáṫ nuair a ḃíon an saoġal ag éiriġe le daoine, nú le náisiúnaiḃ, go ndeinid siad féin rud éigin a ċuirean droċ ṫreó ar an éiriġe sin. Cuirean Dia ar a leas iad, agus ansan deinid siad féin aiṁleas ḋóiḃ féin. I ndeire réime Eóin ṁic Ṡimoinn, nú tar éis é ḃeiṫ tamal maiṫ 'n-a rí, iseaḋ ṫosnuiġ an dá aicme úd, .i. na Fairisíniġ agus na Sadducíniġ ar ḃeiṫ ag coiṁsgar le n-a ċéile agus ag ḋéanaṁ toirmisg d'Eóin. I dtosaċ bára ḃí sé go mór leis na Fairisíneaċaiḃ, agus is leó a ġabaḋ sé páirt. Is ḋóiḃ a ṫugaḋ sé na postana ba ṫairḃtiġe. Ní ṫaisbeánaḋ sé aon ḃáiḋ do'n ṁuinntir eile. Do ṫárla, áṁṫaċ, gur ḋein sé rud éigin a ċuir fearg ar ḋuine de sna Fairisíneaċaiḃ gur ḃ'ainm dó Eleásar.

Duine creideaṁnaċ ameasg na ḃFairisíneaċ ab eaḋ an t-Eleásar san. Isé tuairim an tseanaċaiḋe gur éaḋ a ḃí air, fé mar a ḃeaḋ an rí tar éis rud éigin a ṫaḃairt do ḋuine eile agus gur ṁeas Eleásar gur ḋó féinig ba ċeart é ṫaḃairt. Ḃí a leiṫéid sin d'ḟeirg, nú d'éaḋ, ar Eleásar gur ċas sé asaċán leis an rí. Duḃairt sé go raiḃ sé neaṁḋlistineaċ. Do ċas sé leis go raiḃ a ṁáṫair, ar dtúis, 'n-a daor-ṁnaoi, gur ṫaisbeáin san nár ḃean Iúdaċ í i gceart, agus d'á ḋeasgaiḃ sin go raiḃ sé i gcoinniḃ dliġe Ṁaoise a mac a ḃeiṫ i n-a árdṡagart. Deir Ióséṗus gur deiṁin ná raiḃ aon ṗioc fírinne sa sgéal san, agus gur ṫuig na Fairisínig eile ná raiḃ aon ḟírinne ann. Ḃí fios acu ná raiḃ aon ḟírinne sa sgéal, aċ mar sin féin níor ċuireadar aon ṗionós ar Eleásar mar ġeall ar an mbréig. Easonóir ana ṁór do'n rí ab eaḋ an ḃréag san do ċeapaḋ 'n-a ṫaoḃ, agus ansan an ḃréag do leogaint i n-aisge leis an ḃfear a ċeap í. Nuair a ċonaic an rí an easonóir d'á ṫaḃairt dó d'iompuiġ sé i gcoinniḃ na bFairisíneaċ, agus as san amaċ ba leis na Sadducíneaċaiḃ é ar fad.

## IX.

## Fionġail.

Nuair iompuiġ Eóin i gcoinniḃ na ḃFairisíneaċ agus ġaiḃ sé páirt ar fad leis na Sadducíneaċaiḃ ḃí na Fairisínig ar dearg ḃuile ċuige. Tosnuiġdar ar an uile ṡaġas toirmisg a ḋéanaṁ dó, ar uisge-fé-ṫalaṁ a ḋéanaṁ agus ar ḃeiṫ ag spriocaḋ daoine ċun eiriġe 'n-a ċoinniḃ anso agus ansúd ar fuaid na tíre. Níor ṁair sé aċ bliain nuair a ḃítear 'gá ċráḋ ar an gcuma san.

Sa bliain roim Ċríost céad agus a seaċt ab eaḋ



é sin. Ṫáinig a ṁac Aristobulus i réim 'n-a ḋiaiḋ le ceart sinsireaċta. B'ṡiné dliġe Ṁaoise i dtaoḃ na n-Árdṡagart, agus b'é an t-Árdṡagart ba ċeart a ḃeiṫ 'n-a rí.

Ḃí árd ċion aige ar a ḋriṫáir Antigonus agus mar ġeall ar an gcion a ḃí aige air do ġlac sé isteaċ é, i bpáirt leis féinig, i ngnó na ríġeaċta, go ceann tamail.

Deir Ióséṗus go raiḃ triúr eile driṫár aige agus gur ċimeád sé istiġ i bpriosún iad, pé cúis a ḃí aige leis. Do ċeap a ṁáṫair gur aici féinig ba ċeart an ríġeaċt a ḃeiṫ. Duḃairt sí gur ḟág Eóin an ríġeaċt aici le h-uaċt. Do ċuir a mac Aristobulus isteaċ i bpriosún í, agus do leoġ sé ḋi bás d'ḟaġáil do'n ġorta istiġ ann.

Ḃí, lastoir d'aḃainn Iórdan, triúċ ar a dtugtí Ituréa. Do tugaḋ an ainm sin ar an áit ó ḟear gur ḃ'ainm dó Itur, agus mac d'Ishmaél ab eaḋ an fear san. Ḃí a ṡlioċt i n-Ituréa díreaċ mar a ḃí slioċt Esau i n-Edom, nú i n-Iduméa. Ó Ábraham a ṡíol-ruiġ an tslioċt san, cóṁ maiṫ le slioċt Esau, agus cóṁ maiṫ le slioċt Israéil. Do ṡocaruiġ Aristo-bulus ar ḋul agus na h-Ituréiġ sin do ṫaḃairt isteaċ i náisiún na nIúdaċ, díreaċ mar a ṫug a aṫair, Eóin mac Síṁoinn, na h-Edomítiġ isteaċ i náisiún na nIúdaċ. Ċuir sé armáil mór le céile agus ġluais sé soir tar aḃainn Iórdan ċun cogaiḋ a ċur ar Ituréa. Ḃí an cogaḋ ag eiriġe leis go h-áluinn, aċ do buaileaḋ breóite é go h-oban. B'éigean é ṫaḃairt aḃaile. D'ḟág sé an cogaḋ fé n-a ḋriṫáir Antigonus agus do tugaḋ aḃaile é. Do ċuir Antigonus an cogaḋ ar aġaiḋ go cuṫaiġ agus go meacanta. Ċuir sé smaċt ar an dtír. Ansan ṫug sé a roġa do ṡlioċt Itur an rud a ḋein slioċt Edoim a ḋéanaṁ nú imṫeaċt as an dtír agus dul ċun cóṁnuiġṫe i dtír éigin eile. Ḋein an ċuid ba ṁó acu aiṫris ar ṡlioċt Edoim.

Ḃí Aristóbulus sa ḃaile ar a leabaiḋ agus é go lag agus go leóinte. Ḃí daoine sa ḃaile, a n-aice an rí Aristóbuluis agus ní raiḃ aon ġráḋ acu d'Antigonus. Ní raiḃ aoinne acu ba luġa gráḋ dó 'ná an ḃanríġin. Ḋeaḃróċaḋ an sgéal go raiḃ eagla uirṫi go ḃfaġaḋ a fear, an rí Aristóbulus, bás agus go mbeaḋ Antigonus 'n-a rí 'n-a ḋiaiḋ, agus ansan nár ḃ'fios cad imṫeóċaḋ uirṫi féinig. Ċrom sí, go ciúin agus go gasta, ar neiṫe do ḋéanaṁ 'á ċur isteaċ i n-aigne an rí go raiḃ diṫineas ag Antigonus le n-a bás, gur ḃ'é ḃ'fada leis go mbeaḋ sé féin 'n-a rí. Ċuaiḋ an ġastaċt i ḃfeiḋm. Táinig droċ aṁras ag an rí breóite ar a ḋriṫáir. "B'féidir," ar seisean i n'aigne féin, "nár ċuid ba luġa 'ná a fonn a ḃeaḋ air gan fanaṁaint lem' bás i n-aon ċor!"

Táinig Antigonus aḃaile nuair a ḃí an cogaḋ críoċnuiġṫe aige ċun a toile agus ċun toile an rí. Ṫug sé aġaiḋ láiṫreaċ ar an dTeampul mór ċun buiḋeaċuis a ġaḃáil le Dia mar ġeall ar a ḃuaḋ sa ċogaḋ, agus ċun a iarraiḋ ar an dTiġearna sláinte taḃairt do'n rí. Níor ṫug sé uain dó féin ar a ċuid arm a ḃaint de sar ar ċuaiḋ sé go dtí an teampul, é féin agus roinnt de sna fearaiḃ a ḃí le n-a ċois. D'innis an ḃanríġin do'n rí an méid sin agus d'innis sí é ar ċuma do ċuir bríġ leis, gan a leogaint uirṫi go raiḃ an bríġ sin aici féinig le n-a cainnt. Táinig eagla ar an rí. "Sgaoilimís leis," ar seisean. "Má tagan sé anso i n-arm agus i n-éiḋe ar an gcuma san tá droċ fuadar fé."

Do ċomáin an ḃanríġin teaċtaire ag triall ar Antigonus 'ġá ráḋ leis teaċt i n-arm agus i n-éiḋe ag feuċaint an rí, mar go nduḃairt an rí gur ṁaiṫ leis é d'feisgint ar an gcuma san. Le n-a linn sin do ċuir an rí teaċtaireaċt ċuige 'ġá ráḋ leis a ċuid arm agus éiḋe ḃaint de agus teaċt ċuige láiṫreaċ.



Ṫug an ḃanríġin breab do'n teaċtaire sin agus níor ṫug sé an teaċtaireaċt d'Antigonus. Do cuireaḋ luċt airm i gceilg ar an slíġe roimis agus é ag teaċt. Táinig sé i n-arm agus i n-éiḋe, mar a taiṫn leis an rí dar leis. Nuair a ṫáinig sé go dtí an áit 'n-a raiḃ an luċt airm i gceilg do ṗreabadar suas ċuige agus ṁarḃuiġdar é.

## X.

## ALEGSANDAR.

Níor ḃ'fada go ḃfuair an rí amaċ an feall a deineaḋ air agus ná raiḃ aon ḃlúire fill 'n-a ḋriṫáir Antigonus, aċ go raiḃ sé dílis dó go fíor ġlan. Ansan ṫáinig árd aiṫreaċas air. Ḃíoḋ sé ag maċtnaṁ ar an gcuma 'n-a dtáinig bás a ḋriṫár as an ndroċ aṁras gan ċúis a ḃí aige air, agus ḃíoḋ sé ag cuiṁneaṁ ar an mbás cruaiḋ a ṫug sé d'á ṁáṫair féinig. Do luiġ an cuṁa agus an t-aiṫreaċas ċóṁ trom san ar a ċroiḋe gur tosnuiġ sé ar ḃeiṫ ag sgéiḋe fola. Do lean an sgéiḋe fola. Níor ḃ'fada go raiḃ an sgéiḋe fola ċóṁ dian san gur ċaiṫ sé amaċ lán árṫaiġ di. Ḃí an t-árṫaċ 'n-a láiṁ ag seirḃíseaċ agus é ag breiṫ na fola go dtí áit éigin i n-ar ċeart í ċur sa ċré. Do ṫárla go raiḃ sé ag gaḃáil tríd an áit i n-ar marḃuiġeaḋ Antigonus. Do ṫuit an t-árṫaċ as a láiṁ agus do doirteaḋ an fuil anuas ar fuil Antigonuis a ḃí ar an áit fós. Ḃí roinnt daoine ag feuċaint ar an níḋ a ṫuit amaċ. Do ċonacadar fuil an rí d'á dortaḋ anuas ar fuil Antigonuis. Ċromadar go léir ar ġol go h-árd. D'airiġ an rí an gol. D'fiafraiġ sé cad fé ndeár é. Níor tugaḋ freagra air. Duḃairt sé go gcaiṫfí freagra taḃairt

air agus a ḋ'innsint dó cad fé ndeár an gol nímneaċ san. Do h-innsead dó. Ansan ṫáinig a leiṫéid de ġruaim agus de ḃuairt agus de ḋólás air go ndubairt sé:—

"Tá Dia ag feuċaint ar an ḃfuil a ḋoirtear, agus anois tá fearg Dé ag déanaṁ díoltais orm agus ag dortaḋ mo ċoḋ' fola féinig. Nár ḃ'fearr bás d'ḟáġail gan a ṫuille ríġnis 'ná ḃeiṫ beó ar a leiṫéid de ċuma?"

Fuair sé bás beagán aimsire 'n-a ḋiaiḋ san, gan a ḃeiṫ caiṫte i réim aige aċ an t-aon ḃliain aṁáin.

Ḃí an ḃliain céad agus a sé roiṁ Ċríost ann um an dtaca san. Ṫáinig an driṫáir úd, Alegsandar, do h-ainimniġeaḋ sa tarġaireaċt, ṫáinig sé ċun na coróinneaċ. Deir an seanaċas go raiḃ sé sa ṗríosún an uair sin, agus gur ḃ'í Salóme, an ḃanríġin, bean Aristóbuluis, do ṫug amaċ as an bpríosún é agus a ḋein rí ḋe. Alegsandra a ṫugaḋ na Gréagaiġ mar ainm ar an Salóme sin. Ḋeaḃróċaḋ an sgéal gur mar ġeall ar Alegsandra a ḃeiṫ ar an mbanríġin a tugaḋ Alegsandar ar a mac. Iamnéus an ainm Iúdaċ a ḃí air. Do réir Iósépuis ḃí beirt ṁac eile fásta 'n-a ḋiaiḋ ag Aristóbulus. Ḋein duine acu iarraċt éigin ar an ríġeaċt a ḃaint d'Alegsandar agus do cuireaḋ ċun báis é. Ansan ní raiḃ ann aċ aoinne aṁáin eile, an mac ab óige de ċlainn ṁac Aristóbuluis. Duine gan aon ḋúil i gcóṁaċt ab eaḋ an mac san. Ba ṫúisge leis mair-eaċtaint ar a ṡuaineas. Do ṫuig Alegsandar an méid sin agus ḃí sé ana ṁuinntearṫa leis. Ní'l aon tráċt eile sa tseanaċas air go dtí daċad blian 'n-a ḋiaiḋ san, nuair a ḃí sé ar ṡluaġ a ḃí i gcogaḋ i n-aġaiḋ na Róṁánaċ. Do tóg an Róṁánaċ, Pompéius, 'n-a ṗríosúnaċ é an uair sin, agus ċuir sé go dtí an Róiṁ é i mbraiġdineas.



Rí gonta géarċúiseaċ mileata ab eaḋ Alegsandar. Ḃí Siria d'á stracaḋ as a ċéile an uair sin le cogaḋ a daoine féin i gcoinniḃ a ċéile, agus an ḃeirt driṫár, Antioċus Cuisicus agus Antioċus Gruṗus, 'ġá ngleusaḋ i gcoinniḃ a ċéile sa ċoiṁsgar. Do ṫuig Alegsandar nár ḃaoġal dó féinig iad, pé rud a ḋéanfaḋ sé. Ḃa le Siria an ċaṫair sin Ptolemais an uair sin. Sar a raiḃ an ċéad ḃliain caiṫte aige 'n-a rí do ċuir sé mór ṡluaġ le ċéile agus ṫug sé aġaiḋ ar Ptolemais agus ċrom sé ar í d'imḋruidim. Ní fada ḃí an t-imḋruidim ar siuḃal nuair ab éigean dó éiriġe as, agus aġaiḋ a ṫaḃairt ar naṁaid a ḃí tagaiṫe ċuige ó'n Éigipt agus mór ṡluaġ aige, agus é ceapaiṫe ar Iúdéa do ġaḃáil. Laṫíras ab ainm do'n naṁaid sin agus mac ab eaḋ an Laṫíras san do Ċleopátra, banríġin na h-Éigipte. B'éigean d'Alegsandar imṫeaċt ó ċaṫair Ptolemais agus aġaiḋ a ṫaḃairt ar Laṫíras. Ansan ṫáinig Cleopátra aníos as an Éigipt agus ṫáinig sí go dtí Ptolemais agus do ġlac an ċaṫair í go h-uṁal.

Do troideaḋ caṫ fuilteaċ idir Alegsandar agus Laṫíras agus do buaḋaḋ ar Alegsandar, agus do tógaḋ 'n-a bpríosúnaċaiḃ uaiḋ trí ḋeiċ de ṁíltiḃ fear. Do troideaḋ caṫ eile eatarṫa tamal beag 'n-a ḋiaiḋ san agus do baineaḋ ana ṫreasgairt a h-Alegsandar. Ansan ní raiḃ aon rud ċun Laṫírais do ċosg ar ḃeiṫ 'n-a rí ar Iúdéa. Ḃí eagla, áṁṫaċ, ar Ċleopátra, dá mbeaḋ sé 'n-a rí ar Iúdéa nár ċuid ba luġa ná a ḟonn a ḃeaḋ air í féin do ċur a' ríġeaċt na h-Éigipte agus ḃeiṫ 'n-a rí ar an dá tír, ar an Éigipt agus ar Ṗalestín. Ḃí sí ag tatant air agus 'ġá ċóṁairliú go dtí gur ṫoiliġ sé gan ríġeaċt Iúḋéa a ḃaint d'Alegsandar. Ansan ṫáinig Alegsandar go Ptolemais ag gaḃáil a ḃuiḋeaċuis leis an ríogain Cleopátra mar ġeall ar an gcuma 'n-ar ṡáḃáil sí é ó n-a mac. Ṫug sé mórán

tabartaistí móra uaisle leis agus tug sé ḋi iad.
Deir an seanaċaiḋe gur ar ṁaiṫe léi féin a ṡábáil
sí Alegsandar an uair sin, agus gur toirg é beiṫ
'n-a naṁaid agá mac a ṡábáil sí é.

## XI.

## Gadara.

Cuirean an seanaċaiḋe an ċeist seo i dtaoḃ Ċleopátra. Cad 'n-a ṫaoḃ nár ġaiḃ sí tír Iúdéa ċúiċi féin an uair sin? Tugan an seanaċaiḋe féinig freagra ar an gceist. Ḃí a luċt cóṁairle 'ġá áiteaṁ uirti san do ḋéanaṁ, aċ ḃí a lán cúiseana maiṫe aici le gan é ḋéanaṁ. Ḃí a lán Iúdaċ tíos sa n-Éigipt an uair céadna san. Ḃí caṫair Alegsandria lán díoḃ. Ḃí mórán Iúdaċ i n-arṁáil na h-Éigipte. An ceann urraid a ḃí aici ar an arṁáil sin go léir duin'uasal ana ċreideaṁnaċ ab eaḋ é. Fear ana oilte ar ġnóṫaiḃ stáit agus ar ġnóṫaiḃ cogaiḋ ab eaḋ é. Ḃí neart aigne agus éirim inntileaċta ann tar ċáċ. Iúdaċ ab eaḋ é. Ananias ab ainm dó. Ḃí sé i gcaṫair Ptolemais i n-aonḟeaċt léi an uair sin. Ḃí sé ag éisteaċt le daoine 'ġá cóṁairliú di Iúdéa do ġaḃáil ċúiċi féinig. Ṫug sé malairt na cóṁairle sin di. Ba ġnáṫ léi a cóṁairle do ġlacaḋ. Ḃí sí féin géarċúiseaċ tuisgeanaċ go maiṫ. Do ġlac sí a cóṁairle an uair sin. B'ḟéidir gur tuig sí 'n-a h-aigne go n-iompóċaḋ sí Iúdaiġ na h-Éigipte 'n-a coinniḃ mara nglacaḋ. D'á éaġmais sin ḃí meas ana ṁór aici ar ḃreiṫeaṁntas Ananiais; agus d'á éaġmais sin airís ḃí gaol ag Ananias le h-Alegsandar. Ḃí sí ag cuiṁneaṁ ar an dtír do ġaḃáil ċúiċi féinig, aċ do ġéill sí do cóṁairle Ananiais. D'ḟág sí tír Iúdéa ag



Alegsandar, agus ansan do ġreamuiġ sí cóṁaltas cogaiḋ agus síotċána idir í féin agus é. Ansan do ċuaiḋ Alegsandar tar n-ais go Ierúsalem.

Tar éis beagán aimsire do ċruinniġ sé arís a ṡlóiġte briste agus ċuir sé córú agus eagar orta, agus do ġluais sé leó tar Iórdan soir agus ċrom sé ar ċaṫair Ġadara d'imḋruidim. Tar éis deiċ mí do ṫóg sé an ċaṫair sin. Ansan ṫug sé aġaiḋ ar ḋún ana láidir ana ḋaingean ná raiḃ aḃfad ó Ġadara. Amatus an ainm a ḃí ar an ndún san, agus ḃí Teodotus mac Zeno, tíoránaċ Ṗiladelṗia, tar éis a ċuid saiḋḃris go léir do ċur isteaċ ann i gcimeád, agus ḃí an saiḋḃreas san ana ṁór. Do ṫóg Alegsandar an dún san agus ḃí saiḋḃreas mór Ṫeodotuis aige. Níor ċimeád sé an saiḋḃreas aḃfad. Do ċruinniġ Teodotus sluaġ líonṁar agus ṫug sé foġa oban fíoċṁar fé ṡluaġ Alegsandair nuair a ḃí sé ag imṫeaċt ó'n ndún. Do ṁairḃ sé deiċ míle fear de ṡluaġ Alegsandair agus do sgaip sé an ċuid eile acu agus fuair a ċuid saiḋḃris tar n-ais, agus 'n-a ṫeannta san do ṫóg sé ualaí lóin an tslóiġ agus mórán ollṁaṫais ó sna fearaiḃ.

Níor ċuir an méid sin Alegsandar ó ġnóṫaiḃ cogaiḋ. Aċ marar ḋein, do ċuir sé a ṡeana naṁaid, na Fairisínig, ag déanaṁ áṫais agus gáirdeaċais, agus 'ġá ċáine os cóṁair na ndaoine sa ḃaile i gcaṫair Ierúsalem, ag spídiúċán air agus ag maslúċán air, agus ag déanaṁ an uile ṡaġas díṫil ar a ċur 'n-a luiġe ar an bpoibliḋeaċt nár ċeart é ḃeiṫ 'n-a rí i n-aon ċor.

Ḃí an rí tagaiṫe go Ierúsalem agus ḃí sé ag éisteaċt leis an maslúċán. Níor ḋein sé aon ruġneas, áṁṫaċ, ná níor ḋein sé aon iarraċt ar smaċt a ċur ar na Fairisínig. Ḃí níḋ nar ḃ'é ar aigne aige. Ḃí sé ag cuiṁneaṁ ar ċaṫair Ġara. An treasgairt úd

a tug Laṫiras dó b'iad muinntir na caṫraċ san sé ndeár é. Do ċuireadar fios air agus tugadar lucṫ conganta ḋó agus tugadar córaċa cogaiḋ dó; mara mbeaḋ iad ní ṫiocfaḋ sé i n-aon ċor, agus mara mbeaḋ an congnaṁ a tugadar dó ní ḃeaḋ ar a ċumas a leiṫéid de ṫreasgairt a ḃaint as. Do ċruinniġ sé a neart slóġ agus tug sé aġaiḋ ar Ġara. Ṫáiniġ sé ar dtúis go dtí dún ar a dtugtí Raṗia agus tóg sé é; ansan do tóg sé dún eile ar a dtugtí Anteḋon. Ní raiḃ an dá áit sin aċ cúpla míle ó Ġara, agus nuair a ḃíodar tógta aige ḃí Ġara dúnta isteaċ go mór aige ó'n dtír mórṫimpal. Ḃí sé ag cur a ṡlóġ i méid i n-aġaiḋ an lae agus i gceann bliana ḃí sé láidir a ḋóiṫin ċun caṫraċ Ġara d'imḋruidim. Do ḋein sé an t-imḋruidim. Ḃí fear d'ár b'ainm Apollodotus 'n-a ċeann uraiḋ ar ṁuinntir na caṫraċ. Fear ana ċróḋa, ana oilte ar ġnóṫaiḃ cogaiḋ, ab eaḋ an t-Apollodotus san. Do ġleus sé an ċosaint. Ḋein muinntir na caṫraċ rud air ċóṁ cruinn ċóṁ toilteanaċ san gur ġluais bliain iomlán sar ar ḟéad Alegsandar an ċaṫair do tógaint. Tugaḋ Apollodotus agus fir na caṫraċ foġa amaċ uaireanta agus ḋeinidís ana ḃártan do'n ṁuinntir amuiċ. Foġa acu san d'ár tugaḋ ba ró ḋóbair dóiḃ ruag agus brise caṫa do ċur go h-iomlán ar Alegsandar agus ar a ṡluaġ. Aċ ḃí driṫáir ag Apollodotus agus Lusimacus ab ainm dó. Ḋein sé sin feall ar Apollodotus agus ṁairḃ sé é. Ansan do ḋein an Lusimacus san feall eile, do leog sé an naṁaid isteaċ a gan ḟios. Nuair a ċuaiḋ Alegsandar isteaċ do leog sé air ná raiḃ sé ceapaiṫe ar aon doċar a ḋéanaṁ do sna daoine, aċ nuair a ḃí a ṡluaġ go léir istiġ aige do leog sé dóiḃ a dtoil a ḋ'imirt ar an gcaṫair agus ar na daoine. Do cosain na daoine iad féin, agus do deineaḋ éirleaċ tar na beartaiḃ ar gaċ taoḃ.



## XII.

## AN ḂAILE MÓR AGUS A RAIḂ ANN.

Deir an seanaċaiḋe gur ḋóbair d'Alegsandar an díoltas a ḋein sé ar ṁuinntir Ġara ḃeiṫ 'n-a ḋíoltas teinn aige; nuair a fuair muinntir na caṫraċ an t-éirleaċ 'á ḋéanaṁ orṫa gur láṁuiġdar a n-airm agus gur ḋeineadar ar an naṁaid éirleaċ a ḃí, geall leis, ċóṁ fuilteaċ leis an éirleaċ a deineaḋ orṫa féinig. Ansan, nuair a ḃí an t-éirleaċ fola déanta aige ḋein sé an ċuid eile d'á ḋíoltas ar an gcaṫair féin. Do loisg sé an ċaṫair agus níor ḟág sé cloċ ar muin cloiċe innti. Ḋein sé cárnán cloċ di. Agus caṫair ḃreáġ ṁór ṡaiḋḃir, ársa, uasal, ab eaḋ í roiṁis sin.

Deir an ceaṫraṁaḋ leabar de leabraiḃ na Macabéaċ gur tóg Alegsandar an dá ċaṫair eile sin, .i. Emat agus Tuire, aċ ní deir Iósépus aon ḟocal i dtaoḃ an sgéil sin. An ḟaid a ḃí sé as baile, áṁ, níor ḟan na Fairisínig ró ṡocair. Ḃí an fuaṫ marḃuiġṫeaċ acu ḋó féin agus d'á teaġlaċ go léir. Níor stadadar aċ ag griosaḋ na ndaoine 'n-a ċoinniḃ. Fé ḋeire ḃí an griosaḋ déanta ċóṁ maiṫ san acu go raiḃ an pobul go léir ar dearg ḃuile ċuige. Ḃí sé tagaiṫe abaile go Ierúsalem; ḃí féile ṁór na dtabernacul ann; ḃí an t-Árdṡagart, .i. Alegsandar féinig, ó ḃí sé 'n-a rí agus i n'Árd-ṡagart, ag solumnú na féile; ḃí sé ag an altóir ag déanaṁ na h-oibre sin. Ṫáiniġ na daoine agus géaga crainn atroig i n-a láṁaiḃ acu. Sórd adṁaid ar a dtugtar citron iseaḋ atrog. Ḃí na torṫaí ar na géagaiḃ an uair sin. Nuair a ḃí sé i lár na h-oibre solumanta do ċrom an pobul ar é ḃualaḋ leis na h-atrogaiḃ úd agus ar é ṁarḃú le droċ ċainnt; ar an asaċán úd i dtaoḃ a ṁáṫar do ċasaḋ leis;

agus iad ag liúiriġ agus ag sgreadaiġ agus 'ġá ráḋ go h-árd nár ċeart mac na daor-ṁná ḃeiṫ i n' Árdsagart, gur ṫruailliú ar an Árdsagartaċt é ḃeiṫ ag déanaṁ na h-oibre sin ag an altóir naoṁṫa san; agus iad ag gaḃáil de sna h-aṫrogaiḃ air gan stad. Do stad sé de'n obair naoṁṫa a ḃí ar siuḃal aige agus d'órduiġ sé d'á ṡaiġdiúiriḃ "é ċosaint ar an ngramarsgar san." Do riṫ na fir arṁṫa ċuca agus ṁarḃuiġdar sé ṁíle duine acu agus do sgaipeadar an ċuid eile acu. Ansan d'órduiġ an rí falla adṁaid a ḋéanaṁ a ḋúnfaḋ isteaċ cúirt na sagart, i dtreó nár ḃ'ḟéidir do'n tsluaġ teaċt isteaċ a ṫuille agus toirmeasg de'n tsórd san a ḋéanaṁ.

Ansan do ḋein sé rud eile. Do tóg sé ar tuar-astal saiġdiúirí iasaċta, ó Ṗisidia agus ó Ċilicia, agus ḋein sé gárda pearsan dó féinig díoḃ. Níor ḟéad sé aon iontaoiḃ a ḃeiṫ aige a ṫuille a' saiġ-diúiriḃ Iúdaċa, daoine a ḃí iompuiġṫe 'n-a ċoinniḃ ċóṁ mór san nár ḃ'ḟéidir iad a ṁeallaḋ le míne ná iad do smaċtú le láṁ láidir. D'á ṁíne agus d'á ċneastaċt a ġlacaḋ sé iad isead ba ṫarcuisneaṁla ṫugaidís masla ḋó; agus ansan, nuair imireaḋ sé a ċóṁaċt orṫa is aṁlaiḋ a ċuireaḋ san ar dearg-ḃuile ar fad iad. Fé ḋeire do ġleus sé a ṡluaġ agus ċuir sé i n-eagar iad agus d'imṫiġ sé amaċ a' caṫair Ierúsalem agus d'ḟág sé "an baile mór agus a raiḃ ann" ag na Iúdaiġ ṁalluiġṫe sin.

Do ġluais sé féin agus a ṡluaġ amaċ a' caṫair Ierúsalem. Ṫug sé a aġaiḋ soir ċun na h-aḃan, ċun Iórdain. Ċuaiḋ sé ṫar Iórdan soir agus ṫug sé aġaiḋ ar ċaṫair Amatuis mar a raiḃ Teodotus úd agus a stórus saiḋḃris aige. Do tóg Alegsandar an ċaṫair, aċ ḃí Teodotus ṫar éis imṫeaċt agus a ċuid saiḋḃris a ḃreiṫ leis. Níor ḟan sé le h-Aleg-sandar. Ainm sgannraṁail ab eaḋ ainm Alegsandair



um an dtaca san ar fuaid na dtíorṫa mórṫimpal. Ḋein sé íde agus léirsgrios ar ċaṫair Amatuis. Ḋein sé cárnán cloċ di. Do ġluais sé ansan agus ċuir sé na Móabítiġ agus muinntir Ġalaad fé ċíos. Tamal 'n-a ḋiaiḋ san ḃí cogaḋ aige 'á ċur ar Obodas rí na n-Arabiánaċ. D'imir na h-Arabiánaiġ cleas air. Do ċruinniġdar táinte móra camul, na céadta mílte díoḃ, agus ṫánadar lastiar díoḃ agus com-áineaḋ rómpa iad, isteaċ i longṗort Alegsandair. B'éigean d'Alegsandar agus d'á ṡluaġ teiċe as an longṗort nú ġeaḃaḋ na camuil de ċosaiḃ ionta. B'éigean dóiḃ teiċe isteaċ i sórd gleanna a ḃí caol cúṁang, lán de ċarraigreaċaiḃ. Ar éigin ḃáis a rug sé féin agus a ṡluaġ a n-anam leó saor as an gcúṁngaraċt san. Ċuadar as ar ċuma éigin agus ṫánadar aḃaile go Ierúsalem. Ḃí sgéal na gcamul ṫar éis dul aḃaile rómpa. Má ḃí na Fairisíniġ agus na daoine a ḃí ag gaḃáil leó feargaċ, tarcuisneaċ roimis sin ḃíodar níba ṁeasa 'ná san an uair sin, agus asaċán na gcamul acu 'á ċasaḋ le h-Aleg-sandar i dteannta asaċáin a ṁáṫar, agus gaċ aon asaċán eile ar ar ḟéadadar cuiṁneaṁ, agus ba ċuma leó i n'ḟírinne nú i n'éiṫeaċ é. Ṫug sé iarraċt eile ar iad a ṁeallaḋ le míne agus le cneastaċt. Níor ḋein san aċ iad a ḋéanaṁ níba ṁeasa. Fé ḋeire d'eiriġdar 'n-a ċoinniḃ i gceannairc arṁṫa. Ḋein-eadar dearṁad sa méid sin. Ḃí sé ró oilte ar ċogaḋ ċun aon eagla ġlacaḋ rómpa sa ċeannairc sin. Ċruinniġ sé rainnt slóiġte agus ṫug sé caṫ ḋóiḃ. Ċuir sé ruaig orṫa tapaiḋ go leór, aċ níor ċuir san ḟiaċaint orṫa stad. Do lean an toirmeasg. Ḃí sé 'n-a ċogaḋ dearg ḟionġalaċ idir é féin agus iad ar feaḋ sé mblian. I gcaiṫeaṁ na sé mblian san do marḃuiġeaḋ breis agus caogad míle díoḃ-san. Ní h-innstear an mór a marḃuiġeaḋ ar a ṫaoḃ-san.

## XIII.

## coġaḋ fionġalaċ.

Is ag Alegsandar a bíoḋ an buaḋ i gcóṁnuiḋe, aċ bíoḋ gur ḃ'eaḋ ní stadaidís. Ḃíoḋ an t-éirleaċ 'á ḋéanaṁ orta aċ ní ċuireaḋ pé éirleaċ a deinti orta aon fonn stad de'n ċogaḋ orta. Do ċuireaḋ Alegsandar teaċtairí ċuca, nuair a ḃíoḋ éirleaċ éigin ba troime 'ná ċéile déanta aige orta, 'ġá iarraiḋ orta ciall a ḃeiṫ acu agus síotċáin a ḋéanaṁ leis. Ġaċ aon iarraċt d'á ndeineaḋ sé ar an gcuma san ċun na síotċána ḋéanaṁ is aṁlaiḋ a ċuireaḋ sé fonn níba ṁó ċun an ċogaiḋ orta. Fé deire ċuir sé teaċtaire ċuca 'ġá fiafraiġe ḋíoḃ cad a ḃí uaṫa nú cad a ṡásóċaḋ iad, agus 'ġá ráḋ go ndéanfaḋ sé an rud a ṡásóċaḋ iad aċ é ḋ'innsint ḋó; go raiḃ sé féin cortha de'n ċogaḋ fionġalaċ san agus go dtaḃarfaḋ sé ḋóiḃ aon rud i n-aon ċor ba ṁaiṫ leó, ċóṁ fada leis an gceart. Do ċuireadar freagra ċuige 'ġá ráḋ leis go raiḃ aon níḋ aṁáin do ṡásóċaḋ iad, agus ná raiḃ aige aċ an t-aon níḋ aṁáin sin a ḋéanaṁ agus go mbeidís lán tsásta, agus go mbeaḋ deire leis an gcogaḋ. "Agus isé níḋ é sin," ar siad, "ná do sgórnaċ a ġearraḋ!" "Agus," ar siad, "is buiḋeaċ go maiṫ ba ċeart duit ḃeiṫ ḋínn mar ġeall ar sinn a ḃeiṫ sásta led' ḃás mar leórġníoṁ i n-a ḃfuil de ḋíoḃáil déanta agat dúinn."

Ṫug an freagra san le tuisgint ḋó nár ḃ'aon ṁaiṫ ḋó ḃeiṫ ag braiṫ ar aon tsíotċáin a ḋéanaṁ, agus nár ḃ'foláir ḋó beart éigin eile ḋéanaṁ ċun deire ċur leis an gcogaḋ. Do tuigeadar-san, leis, go gcuirfaḋ an freagra san ḟiaċaint air-sean iarraċt ċóṁaċtaċ éigin a ḋéanaṁ 'n-a gcoinniḃ. Ḃí fios



acu cad a ḃí ċuca agus ċuireadar sgéala ó ṫuaiḋ go dtí caṫair Ḋamascuis ag triall ar Ḋemétrius Eucharus, rí na caṫraċ san, 'ġá iarraiḋ air teaċt le caḃair ċuca. Do ṫáinig sé daċad míle troiġteaċ agus trí míle marcaċ, Iúdaíġ agus Gréagaiġ measgaiṫe ar a ċéile. Do ġluais Alegsandar amaċ 'n-a ċoinniḃ sé míle Gréagaċ agus fiċe míle Iúdaċ. Ṫug an dá rí tamal ag faire ar a ċéile, Alegsandar a d'iarraiḋ na nIúdaċ a ḃí ag Demétrius do ṁeallaḋ uaiḋ ċuige féin, agus Demétrius a d'iarraiḋ na nGréagaċ a ḃí ag Alegsandar a ṁeallaḋ uaiḋ ċuige féinig. Do ṫeip glan ar gaċ taoḃ. Ansan do troideaḋ an caṫ eatarṫa. Do buaḋaḋ ar Alegsandar agus do briseaḋ an caṫ ċóṁ tiubaisteaċ san air go mb'éigean ḋó teiċe ċun na gcnoc agus gan aige aċ fíor ḃeagán d'á ṡluaġ.

Siné an cúntas a ṫugan Ióséṗus ar an gcaṫ. Tugan an ceaṫraṁaḋ leabar de leaḃaraiḃ na Macabéaċ a ṁalairt sin ar fad de ċúntas ar an gcaṫ. Deir an leaḃar san gur ag Alegsandar a ḃí an buaḋ, agus gur fearr go mór a ṫáinig sé as an ngleic 'ná mar a ṫáinig Demétrius. Aċ deir Ióséṗus gur briseaḋ an caṫ ċóṁ tiubaisteaċ san ar Alegsandar ná raiḃ aon ḃreiṫ aige ar é féin d'fuasgailt as an ngéiḃinn i n-ar cuireaḋ é mara mbeaḋ rud ná raiḃ coinne leis a ṫuitim amaċ. Isé rud é sin ná so, nuair a ċonaic na Iúdaíġ a ḃí ag Demétrius an cruaḋċás i n-ar cuireaḋ Alegsandar ṫáinig truaġ acu ḋó. Ṫáinig aiṫreaċas orta mar ġeall ar an láṁ a ḃí acu féin sa ġníoṁ a ċuir sa ċás san é. Do ṗreabadar agus ṫugadar cúl le Demétrius agus siúd anall iad ag triall ar Alegsandar! Do ṫeip glan air iad do ṁeallaḋ ċuige an ḟaid a ḃí sé 'n-a lán neart, aċ nuair a ċonacadar sa ċruaḋtan é do riṫeadar ċuige.

Nuair a ċonaic Demétrius ag imṫeaċt iad do

teiċ sé féin agus an méid a d'ḟan aige ar an áit, le h-eagla go n-imṫeóċaḋ tuille. Ḃí druṫáir aige agus Pilib ab ainm dó agus ḃí cogaḋ ar siuḃal eatarta. D'ḟág sé Iúdéa agus tug sé aġaiḋ ar a ḋruṫáir.

Nuair a ḃí Deméṫrius imṫiġṫe do ċruinniġ Alegsandar a ṡlóiġte arís agus tug sé aġaiḋ ar na Fairisínig. Do troideaḋ a lán caṫana idir é agus iad. Do buaḋaḋ orṫa in sna caṫanaiḃ go léir, aċ do ṫeip air a ċur ḟiaċaint orṫa umlú dó. Níor ċuir aon ruḋ aon ṁaolú ar an olc a ḃí orṫa ċuige. Fé ḋeire do ṡocaruiġ sé é féin ċun deire ċur leó ar an aon ċuma amáin i n-ar ḃ'féidir deire ċur leó, .i. iad do ḋísgiú ar fad. Do ċruinniġ sé neart slóġ 'n-a gcoinniḃ mar a ḋéanfaḋ sé i gcoinniḃ namad iasaċta agus do ḃriseaḋ caṫ orṫa ċóṁ críoċnuiġṫe sin gur cuireaḋ deire leis an gcogaḋ fionġalaċ. Do marḃuiġeaḋ an ċuid ba ṁó acu sa ċaṫ, agus do comáineaḋ an ċuid eile acu isteaċ i gcaṫair Ḃetóne. Ṫugadar iarraċt ar an gcaṫair sin do ċosaint i gcoinniḃ an rí. Níor ḃ'iarraċt ró lag í. Aċ d'imḋruid an rí an ċaṫair. Níor ṫóg sé í go dtí an ḃliain a ḃí ċugainn. Ansan do ṫóg sé an ċaṫair agus ḋein sé príosúnaiġ de'n méid nár marḃuiġeaḋ de sna Fairisínig a ḃí innti. Ansan iseaḋ d'imir sé a ḋroċ aigne ar na príosúnaċaiḃ sin. Ansan iseaḋ ḋein sé an ḃeart ba ġráinne agus do ḃ'ḟuaṫmaire agus ba ḋéistiniġe d'ár deineaḋ riaṁ. Do ḃuaiḋ an ḃeart a ḋein sé an uair sin, i míḋaonaċtaiġe agus i ngráinneaṁlaċt, ar a ḃfuil innste de ḃeartaiḃ gráinneaṁla i seanaċas an doṁain. Ṫug sé leis go Ierúsalem oċt gcéad fear, de sna fearaiḃ ab uaisle agus ba ċreideaṁnaiġe de sna príosúnaiġ sin agus do céas sé ar ċrosaiḃ iad aon lá amáin i dteannta céile. Ansan do ṫug sé leis a mná agus a gclann agus do ċuir sé ċun báis iad os cóṁair a súl!



## XIV.

## DEMÉTRIUS 'N-A ṖRÍOSÚNAĊ.

Nuair a ḃí na fir uaisle ċreideaṁnaċa san go léir ansúd tárnálṫa ar na crosaiḃ ag an rí Alegsandar, agus a mná agus a gclann marḃ os cóṁair a súl aige, agus iad féin 'n-a mbeaṫaiḋ, ag feuċaint air, d'órduiġ sé búird do ċur 'n-a láṫair i dtreó go ḃfeicfidís iad, agus flúirse bíḋ agus diġe do ċur ar na bórdaiḃ sin, os cóṁair na ḃfear san a ḃí tárnálṫa ar na crosaiḃ, agus ansan do ṡuiḋ sé féin agus a ċuideaċta leanán ċun na mbórd san, ag iṫe agus ag ól go suairc, agus na fir sin a ḃí tárnálṫa ar na crosaiḃ ag feuċaint orṫa. Daoine do tárnalti ar ċrosaiḃ do ṁairidís cúpla lá nú trí uaireanta ag folag na péine sin. Is láidir an sgairt agus is cruaiḋ an croiḋe agus is dioblaiḋe an aigne a ḃí ag an ḃfear a ṫárnáil ar na crosaiḃ sin iad súd agus ansan do ṡuiḋ ċun bíḋ os a gcóṁair agus iad ag feuċaint air! Agus Macabéaċ ab eaḋ é, duine de ṡlioċt uasal Ṁatatias! Aċ b'ḟéidir gur ḃ'ḟíor an ruḋ úd aduḃairt na Fairisínig; b'ḟéidir, bíoḋ go raiḃ cróḋaċt na Macabéaċ ann, go raiḃ an droċ ṁianaċ ó n-a ṁáṫair ann.

Is deacair le luċt an tseanaċuis a ċreideaṁaint gur ḋein sé an ḃeart ċóṁ dioblaiḋe ar fad. Fairisíneaċ dialta ab eaḋ Ióséṗus agus deirtear go mb'ḟéidir gur ċuir sé le h-olcas an sgéil. Marar ċuir sé leis, ní baoġal gur ḃain sé uaiḋ. Fairisíneaċ dialta ab eaḋ é mar aduḃraḋ, agus naṁaid nimneaċ do sna Fairisínig ab eaḋ Alegsandar. B'ḟéidir gur ċuir Ióséṗus le h-olcas an sgéil. Is léir, áṁṫaċ, go raiḃ an sgéal olc go maiṫ i n-éaġmais

pé cur leis a ḋein sé. Ḃí sé cóṁ h-olc san gur eirig timpal míle duine de sna Fairisínig an oiḋċe 'n-a ḋiaiḋ san agus gur imṫiġdar ċun siuḃail agus ná feaċatar sa n-áit iad a tuille an faid a ṁair Alegsandar. Ḃí suaineas aige ó sna Fairisínig ar san amaċ.

Aċ mara raiḃ na Fairisínig ag cur isteaċ air táinig namaid eile ċuige beagán aimsire 'n-a ḋiaiḋ san. Ḃí rí ar ċríoċaiḃ Ṡuíria agus Antioċus ab ainm dó. Do ḃeartuig sé cogaḋ do ċur ar ċríoċaiḃ Arabia. Níor ḃ'ḟéidir dó dul isteaċ i n-Arabia gan gaḃáil trí ṗáirt de Iúdéa. Ḃí droċ iontaoiḃ ag Alegsandar as. Ċeap sé é ċosg ar ġaḃáil tré aon ṗáirt de talaṁ Iúdéa. Dá ngaḃaḋ sé tré Iúdéa níor ḃ'ḟoláir dó gaḃáil tríd an dtalaṁ a ḃí idir an mbaile ar a dtugtar Antipatris agus an ċaṫair sin Ioppe. Ṫáinig Alegsandar agus ḋein sé díog ṁór ḋoiṁinn, fiċe míle ar faid ó Antipatris go Ioppe, agus ar an gclaiḋe a deineaḋ de'n ċré agus de sna cloċaiḃ a tógaḋ as an ndíg, do ċuir sé suas túir láidire aḋmaid mar ḋainginiú. Aċ ní raiḃ aon ṁaiṫ 'n-a ṡaoṫar. Ṫáinig Antioċus agus do ḋein sé slíġe ḋó féin agus d'á ṡluaġ tríd an ndainginiú go léir agus ċuaiḋ sé isteaċ i dtír Arabia. Níor eiriġ a ċuaird leis. Níor ḃ'ḟada gur marḃuiġeaḋ é i n-Arábia. Suaineas aigne d'Alegsandar ab eaḋ an méid sin. Níor ġlac sé a ṡuaineas, áṁṫaċ. An faid a ḃí an cogaḋ fionġalaċ ar siuḃal idir é féin agus na Fairisínig ḃí rígte Arabia ar ti teaċt agus páirt a ġaḃáil leis na Fairisínig. B'éigean d'Alegsandar tír Ġalaad agus tír Ṁóab, lastoir d'aḃainn Iórdan, a taḃairt dóiḃ i dtreó ná tiocfidís. Cóṁ luat agus a fuair sé go raiḃ Antioċus marḃ i n-Arabia do ċruinnig sé a ṡlóigte agus do ġluais sé tar Iórdan soir ċun na dtíorṫa san Ṁóab agus Ġalaad a ḃaint amaċ do



féinig arís. Cóṁ luat agus ḃí Alegsandar agus a ṡluaġ imṫiġte tar Iórdan soir táinig Arétus, rí Arabia, isteaċ i dtír Iúdéa. B'éigean d'Alegsandar teaċt tar n-ais agus Arétus a ṫroid. Do buaḋaḋ ar Alegsandar. Ansan do ḋein sé féin agus Arétus síoṫċáin agus d'imṫig Arétus. Ansan do ṫug Alegsandar aġaiḋ ar ċaṫair ar a dtugtí Pella agus tóg sé í. Ansan ṫug sé aġaiḋ ar ċaṫair ar a dtugtí Gerasa. Ḃí an Teodotus úd go raiḃ an saiḋḃreas go léir aige, ḃí sé i nGerasa agus a ċuid saiḋḃris aige. Do tóg Alegsandar an ċaṫair sin agus an saiḋḃreas go léir. Do ġluais sé ó'n áit sin agus tóg sé caṫair Ġaulana, agus Seleucia ag gleann Antioċuis. Ḃí Demétrius 'n-a ṗriúnsa in sna h-áiteanaiḃ sin. Ḋein Alegsandar príosúnaċ de. Ḃí trí bliana caiṫte aige in sna cuardaiḃ sin um an dtaca san, agus táinig sé aḃaile go Ierúsalem agus Demétrius 'n-a ṗríosúnaċ aige. Ḃí fáilte ṁór ṁaoiḋteaċ ag muinntir Ierúsalem roiṁe mar ġeall ar na caṫanaiḃ a ḃí buaiḋte aige agus ar na caṫaraċaiḃ a ḃí tógṫa aige.

Ansan d'ḟan sé sa ḃaile agus ṫug sé é féin suas do'n uile ṡaġas pléisiúir, do ċraos agus do ṁeisge agus do ṁí-iompar. Do ċuir an pléisiúr galar air, an galar ar a dtugtar crit. Do lean an galar san air go dtí lá a ḃáis.

## XV.

## BÁS ALEGSANDAIR.

Bíoḋ go raiḃ an ḃreóiteaċt ar Alegsandar níor ḟéad sé a ṡuaineas do ċeapaḋ. Ḃí an dúil ṁall-uiġte sa ċogaḋ aige. Do lean sé d'á ḃeata annrianta, agus do ċruinnig sé a ṡlóigte arís agus do ġluais

sé ṫar Iórdan soir ag cur cogaiḋ ar na Gerasén-
acaiḃ. Ḃí sé ag imḋridim cataraċ leó d'ár ḃ'ainm
Regaba. Sa n-imḋridim sin iseaḋ fuair sé bás,
sa seaċtṁaḋ bliain ar ḟiċid d'á réim, sa bliain
seaċt ndeiċ a naoi roim Ċríost.

Ḃí sé an uair sin ṫar éis éaċt de ṫíorṫaiḃ iasaċta
agus de ċataraċaiḃ iasaċta do ṫaḃairt fé smaċt
a láiṁe. Ḃí aige i Suiria, Iduméa, Phénicia, Arabia,
agus a lán eile áiteana. Ḃí aige, laistiar, fan na
faraige, Túr Stratan, agus na bailte cuain seo,
Apollonia agus Ioppe, agus Iamnia, agus Asótus,
agus Gasa, agus Antedon, agus Ráṗia, agus
Rinocerura, bailte cuain a ḃíoḋ ag na Filistíniġ
agus ag naṁaid eile d'Israél i gcaiṫeaṁ na gcéadta
blian roimis sin. Ḃí a smaċt i ḃfeiḋm aige ar
Ṗalestín go léir, ar gaċ taoḃ de'n Iórdan, ó
ḃruaċ na Mara Ruaḋ go h-Antioċ agus go Seleucia
óṫuaiḋ, agus ó ċnoc Ċármel soir go h-imeallaiḃ
gainṁiġe Arabia.

D'ḟág sé beirt ṁac 'n-a ḋiaiḋ. Huircánus ab ainm
do ḋuine acu, agus Aristóbulus ab ainm do'n
duine eile. D'ḟág sé réim a ríġeaċta agá ṁnaoi,
Alegsandra, ar feaḋ a saoġail, agus neart di,
nuair a ḃeaḋ sí ag dul ċun báis, an ríġeaċt d'ḟág-
áilt agá roġa de'n ḃeirt ṁac.

Ḃí an ḃanríġin 'n-a ṫeannta nuair a ḃí sé ag dul
ċun báis. Nuair a tuigeadar araon go raiḃ an bás
i ngioraċt dó do laḃair sí leis ar an gcuma so:—

"Feuċ, a rí," ar sisi, "nuair a ḃeir-se imṫigte
beiḋ an sgéal go h-olc agam-sa agus ag an gclainn
seo atá againn. Tá fuaṫ marḃuigteaċ ag na Fairi-
sínig duit-se agus do gaċ aoinne a ḃaineann leat.
Tá an ṗoibiliḋeaċt agus iad féin ana ḃáiḋeaṁail
le n-a ċéile. Nuair a ḃeir-se imṫigte imireóċaid
siad a ndroċ aigne orm-sa agus ar an gclainn. Ní
scadfid siad go dtí go mbeiḋ do ṡlioċt-sa idigte



acu glan as an saoġal. Ní ḟeadar an doṁan cad a
ḋéanfimíd ná conus is féidir dúinn dul saor uata."

"Éist liom-sa, a ríogan," ar seisean. "Nuair a
ḃead-sa tar éis ḃáis ná h-innis do'n tsluaġ é. Leog
dóiḃ leanaṁaint ar an imḋridim go dtí go mbeiḋ
an ċaṫair seo tógṫa acu. Ansan, ná leog ort ná
gur trom i mbreóiteaċt atáim. Abair leó gur mian
liom dul aḃaile fé ḃuaḋ go Ierúsalem. Cimeád
mo ċorp i ḃfolaċ uata agus beir leat é, agus dein
gluaiseaċt an tslóiġ do stiúrú, mar d'eaḋ gur
mise ḃeiḋ 'á ḋéanaṁ. Nuair a ṡroisfir caṫair
Ierúsalem cuir fios ar uaċtaránaiḃ na ḃFairis-
íneaċ agus taisbeáin dóiḃ mo ċorp. Abair leó ansan
gur b'ṡiné an corp acu, corp a naṁad agus a roġa
cor do ṫaḃairt dó, é ċur fé ṫalaṁ nú é ċaiṫeaṁ
amaċ ar an maċaire. Abair leó go ḃfuilir féin
ceapaiṫe feasta ar gan aon níḋ do ḋéanaṁ aċ do
réir a gcóṁairle, agus go ḃfuilir ar aigne iad do
ċur sa ċruit, i ngnó na ríġeaċta, i n-a raḃadar ar
dtúis. Abair leó, pé díoltas is maiṫ leó do ḋéanaṁ
ar mo ċorp-sa mar ġeall ar ar ḋeineas d'olc orṫa
i gcaiṫeaṁ mo ṡaoġail. Ná bíoḋ aon ṁearaṫal ort
ná go ndéanfid siad mo ċorp a ḋ'aḋlacaḋ le
h-onóir, agus ní baoġal duit ná go mbeid siad go
h-ana ḃáiḋeaṁail leat-sa agus leis an gclainn as
san amaċ. Taḃarfid siad gaċ aon ċongnaṁ duit-
se 'i ngnó na ríġeaċta, agus dom' ṁacaiḃ at' ḋiaiḋ."
Níor ṁair sé puinn aimsire tar éis na cóṁairle
sin a ḃeiṫ taḃarṫa do'n ḃanríġin aige. Do ḋein
Alegsandra mar aduḃairt sé léi a ḋéanaṁ. Déar-
faḋ daoine ná duḃairt sé riaṁ an ċainnt. Go
raiḃ árd ġastaċt innti agus gur ḃ'í féin a ċeap
agus do ċúm an sgéal go léir i dtaoḃ na cóṁairle
sin. Aċ pé duine ċeap an ċóṁairle do ḋein sisi
beart d'á réir. Fuair an rí bás. Ċimeád sí a corp
i ḃfolaċ. Ṫug sí gaċ órdú do'n tsluaġ fé mar a

beaḋ sí 'ġá taḃairt ċuca ó'n rí. Níor tugadar fé ndeara an ċeilt, mar ḃí gaċ ordú ċóṁ h-eagnaiġe, ċóṁ tuisgionaċ agus dá mb'é Alegsandar féin a ḃeaḋ 'ġá taḃairt uaiḋ. Is dóċa gur tuig Aleg-sandar go raiḃ an éirim aigne sin aici agus gur mar ġeall air sin a ḋ'ḟág sé an ríġeaċt aici an ḟaid a ṁairfaḋ sí.

Fé ḋeire do tógaḋ caṫair Regaba, agus do sgartálaḋ í. Do ṫug an tsluaġ leó aisti pé saiḋḃ pear a ḟuaradar innti, agus do ṫug an banríġin le tuisgint dóiḃ, ó'n rí, mar ḋ'eaḋ, "nár ḃ'ḟoláir aġaiḋ a taḃairt ar an mbaile." Bíodar go léir buiḋeaċ de'n rí, nú de ḃreóiteaċt an rí, mar ġeall air sin. Ṫug an mór ṡluaġ aġaiḋ ar an mbaile.

Tánadar go dtí caṫair Ierúsalem. Ċuir an ban-ríġin fios ar uaisliḃ na ḃFairisíneaċ. Tánadar. Taisbeáin sí corp Alegsandair dóiḃ.

"Seo, a uaisle," ar sise. "Siné corp ḃúr naṁad agaiḃ, corp an ḟir a ḋein na h-uilc úd go léir oraiḃ. Deiniḋ pé díoltas is maiṫ liḃ anois air. Ní mór liom-sa ḋaoiḃ é ċaiteaṁ amaċ ar an mbán nú é ḋ'aḋlacaḋ, pé 'cu is toil liḃ. Ḋein sé mórán uilc oraiḃ, aċ is liḃ-se atá báiḋ agam-sa. Is liom-sa an ríġeaċt anois, aċ ní ḋéanfar aon ġnó ríġeaċta feasta aċ mar is toil liḃ-se."

Bíodar ar a meaḃair le h-áṫas. Cad a ḋeineadar? Ar ċaiteadar an corp amaċ ar an mbán?

## Samaltas Réime.

## XVI.

Nuair airiġ uaisle na ḃFairisíneaċ an ċainnt adubairt an banríġin Alegsandra bíodar ar a meaḃair le h-áṫas. Níor ċaiteadar an corp amaċ



ar an bpáirc. Ḋeineadar a ṁalairt sin ar fad. Do ċruinniġdar an pobul agus do laḃair luċt cainnte ḋéanaṁ, agus do ṁoladar Alegsandar ċóṁ h-árd agus do molaḋ rí riaṁ! Ní raiḃ Árdsagart riaṁ ba ḋiaḋa 'ná é. Ní raiḃ rí riaṁ do b'uaisle aigne 'ná é, do b'ḟearr ciall 'ná é, ba ṁó eólus 'ná é, ba ċirte breiṫeaṁantas 'ná é, ba tréine i gcaṫ 'ná é, do b'ḟearr ceann d'á ṡluaġ 'ná é. Do h-innseaḋ amaċ i ndiaiḋ ċéile na caṫana do ṫroid sé; na caṫaraċa do ṫóg sé; na tíorṫa do smaċtuiġ sé; na slóiġte naṁad a ṫraoċ sé agus do ṫreasgair sé; na tairḃtí móra ḋein sé do ṡlioċt Israéil; an leaṫanú a ḋein sé ar a ḃforlámas; an t-eagla ċuir sé ar na náisiúnaiḃ cóṁarsanaċa go léir mórṫimpal. Níor laḃraḋ aon ḟocal amaċ a' béal aoinne i dtaoḃ an oċt gcéad Fairisíneaċ úd a ṫarnáil sé i dteannta ċéile ar na crosaiḃ. Nuair a ḃí an molaḋ mór déanta d'aḋlacadar é agus ḃí an t-aḋlacaḋ ċóṁ glórṁar leis an molaḋ. Má b'é Alegsandar a ṫug an ċóṁairle úd do'n ban-ríġin do ṫuig sé go maiṫ cad é an saġas na Fairi-siniġ. Má 'sí Alegsandra féin do ċúm agus do ċeap an ċóṁairle níor ṁisde an cumaḋ agus an ceapaḋ d'ḟágáilt fúiṫi. Do ṡaor sí í féin agus a clann agus a ríġeaċt uaṫa an uair sin, aċ níor ċuaiḋ sí saor uaṫa ar fad. Dubairt sí leó ná déan-fí aon ġnó ríġeaċta aċ do réir a dtoile. Ṫugadar-san toġa an aireaċais nár deineaḋ.

Isé céad ġnó ríġeaċta ab éigean di a ḋéanaṁ, do réir a dtoile, ná na reaċtana a ḃí déanta 'n-a gcoinniḃ i ndiaiḋ Alegsandair agus i ndiaiḋ Eóin Hurcánus, do ċur ar neaṁníḋ. Ansan d'iarradar uirṫi pé Fairisíniġ a ḃí 'n-a bpríosúnaċaiḃ i ndiaiḋ an rí Alegsandar, iad do leogaint amaċ saor, agus aon ḃrise dliġe a ḃí i gcoinniḃ aon Ḟairisíniġ mar ġeall ar na reaċtaiḃ sin gan é ḋ'agairt air.

agus aon Ḟairisíneaċ a ḃí i bpríosún mar ġeall ar an gcogaḋ fionġail úd, é leogaint amaċ gan a ṫuille ríġnis. Ansan, pé Fairisíniġ a ḃí ar díbirt, nú go mb'éigean dóiḃ teiċe as an dtír, iad a ṫaḃairt ṫar n-ais agus iad a ċur airís i seilḃ a gcod' talṁan agus a saoġaltaċta.

Do tugaḋ aḃaile an ṁuinntir a ḃí ar díbirt. Do leogaḋ amaċ na príosúnaiġ. D'ḟill an ṁuinntir a ḃí ar fán. Do tugaḋ a ṡaoġaltaċt féiniġ ṫar n-ais do gaċ aoinne. Do neartuiġ an aicme. Do h-iomaduiġeaḋ iad. Do ċleaċtadar airís a seana-nósa féin, agus ċuadar i gcreideaṁnaiġe sa tír, i dtreó go raiḃ ar a gcumas a nósa féiniġ do ċur i ḃfeiḋm ar ċáċ. B'é nádúr na nós san ḃeiṫ ana ḋian ag cimeád leitire na dliġe agus ansan dearṁad ar fad a ḋéanaṁ de ḃríġ agus de spiorad na dliġe. Ċuireadar a nósa i ḃfeiḋm ar an bpoiblíḋeaċt go trom agus go daingean, agus ḃí an ṗoiblíḋeaċt fé smaċt acu, agus i gcruaḋtan acu. Agus ba léir do'n ḃanríġin ná raiḃ acu d'á ḟágáilt aici aċ amáin samaltas réime agus cumas ar a ċur fiaċaint ar a daoiniḃ ḃeiṫ uṁal do sna Fairisíniġ agus rud a ḋéanaṁ orṫa.

Do ṫáiniġ léi, tríd a's tríd, sé ṁíle fear a ḃí 'n-a saiġdiúiriḃ tuarastail aici do ċimeád fé n-a smaċt féiniġ. Leó san ċimeád sí a smaċt i ḃfeiḋm ar na tíorṫaiḃ gaḃáltais a ḃí aici i ndiaiḋ Alegsandair agus ċimeád sí a h-uaṁan agus a h-eagla ar na ríġtiḃ cóṁarsanaċa do ṁeasfaḋ, b'ḟéidir, cur isteaċ a ḋéanaṁ uirṫi. Do ṫuig aicme na ḃFairisíneaċ, áṁ, náċ ar an sé ṁíle fear tuarastail sin ba ċeart di a ḃuiḋeaċas san a ḃeiṫ aici aċ orṫa féiniġ, agus ar an gcaradas a ḃí acu 'á taisbeáint di i n-ainneoin a raiḃ déanta agá fear, ag Alegsandar, de ḋíoḃáil dóiḃ. I ndiaiḋ ar ndiaiḋ tugadar le tuisgint di, má ḃí a fear tar éis báis go raiḃ



na daoine a ḃí ag caḃrú leis ċun na ndroċ ḃeart go léir a ḋéanaṁ orṫa, go raḃadar beó fós; go raiḃ dliġe Ṁaoise briste acu go malluiġṫe leis an gcaḃrú san; go raḃadar cionntaċ i marḃú na ḃFairisíneaċ a cuireaḋ ċun báis i réim Alegsandair; go raiḃ, do réir na dliġe, bás tuillte acu mar ġeall air sin. Duḃradar, ar dtúis, go raiḃ ceangailte uirṫi na daoine a ṫug cóṁairle d'Alegsandar ċun an oċt gcéad Fairisíneaċ úd do ṫárnáil ar na crosaiḃ, do ċur ċun báis. Níor ḟanadar léi ċun tosnú ar an ngó san a ḋéanaṁ. Ba ġearr gur marḃuiġeaḋ duin'uasal Sadducíneaċ d'ár ḃ'ainm Diogenés, duine d'uaċtaránaiḃ na h-aicme sin. Ansan do marḃuiġeaḋ duine eile, ansan do ġluais an marḃú go h-iomadaṁail. Aon duine d'aicme na Sadducíneaċ a ḃí go h-ana ḃáiḋeaṁail le h-Alegsandar do cuireaḋ "dliġe Ṁaoise" i ḃfeiḋm air gan iomarca ríġnis.

Do lean an marḃú ar an gcuma san ar feaḋ rainnt blianta. Fé ḋeire do ṫuig aicme na Sadducíneaċ nár ċuid ba luġa 'ná a ḟonn a ḃí ar aicme na ḃFairisíneaċ iad a ḋísgiú ar fad. Ḃí an sgéal go cruaiḋ ag an mbanríġin. B'iad na Sadducíniġ cáirde dílse a fir. Ḃíodar dílis di féiniġ, leis. Aċ dá ndeineaḋ sí aon iarraċt ar ċosg do ċur leis an marḃú déarfaḋ na Fairisíniġ go raiḃ sí "ag brise dliġe Ṁaoise." Ba ċruaiḋ an cás é.

## AṪAIR HÉRÓID.

### XVII.

Sé deire táinig roinnt de sna h-uaislib ba ċreideaṁnaiġe ar na Sadducíneaċaiḃ i láṫair na banríġne agus Aristóbulus óg 'na ċeann orṫa agus dubradar léi mar seo:—

"Feuċ, a ríoġan ró uasal, nuair a ḃí an rí Alexandar beó ḃíomair-ne go léir dílis dó, ḃíomair umal dó, agus deineamair seirḃís dó le dúṫraċt. Ḃí seisean buiḋeaċ dínn agus taisbeáin sé a ḃuiḋeaċas. Do ḃronn sé tabartaisí móra maiṫe orainn. Tá éad fíoċmar ar ár naṁaid ċuġainn anois mar geall air sin, agus is cosṁail go ḃfuilid siad lán ċeapaiṫe ar sinn go léir do ċur as an saoġal glan. Tánamair ċuġat-sa, a ríoġan uasal, 'gá iarraiḋ ort, ar son an té atá imṫiġṫe, sinn a ċosaint ar ár naṁaid, ar an aicme sin a ḃí 'n-a naṁaid ṁarḃuiġṫeaċ ag an rí Alexandar."

"Tuigean siḃ féin mo sgéal," ar sisi. "Cad is dóiċ liḃ is féidir dom a ḋéanaṁ?"

"Dá dtugaḋ do Ṡoillse cead dúinn," ar siad-san, "imṫeaċt go dtí dúṫaiġ éigin iasaċta i dtreó ná beimís i gcóṁngar ár naṁad b'féidir go mbeimís ó ḃaoġal."

Do tuig Alexandra nár ḃ'féidir di an níḋ sin a ḋéanaṁ, go gcuirfeaḋ an níḋ sin na Fairisínig ar dearg buile, mar go gcuirfeaḋ sé ar ċumas na Sadducíneaċ iad féin do neartú sa dúṫaiġ iasaċta agus ansan teaċt tar n-ais agus díoltas a ḋéanaṁ. Ní h-é sin freagra tug sí orṫa-san, áṁṫaċ. "Ní maiṫ liom sgaraṁaint liḃ," ar sisi. "Ḃíoḃair dílis do'n rí Alexandar agus ca ḃfios dom-sa catain a ḃeaḋ gáḋ agam féinig le nḃúr ndílse."



"Má 'seaḋ," ar siad-san, "b'féidir go ḃféadfaḋ do Ṡoillse sinn a ċur isteaċ in sna daingeanaiḃ, anso 's ansúḋ, ar fuaid na tíre, ag cimeád na ndaingean, agus ansan d'féadfaḋ do Ṡoillse glaoḋaċ tar n-ais orainn dá ráineóċaḋ go mbeaḋ aon ġnó agat' Soillse dínn."

Do tuig sí gur ḃ'féidir an níḋ sin a ḋéanaṁ; go raiḃ gáḋ ag na daingeanaiḃ le cimeád maiṫ láidir, go dtuigfaḋ na Fairisínig nár ḃ'féidir do'n ṁuinntir a ḃeaḋ ag cimeád na ndaingean aon iarraċt a ḋéanaṁ ar iad féin do neartú agus teaċt ag déanaṁ díoltais, agus d'á éagmais sin, nuair a ḃeaḋ na Sadducínig sgaipiṫe ar an gcuma san agus deiġilte ó n-a céile go mbeaḋ caṫair Ierúsalem ag na Fairisínig fúṫa féin. Do socaruiġeaḋ air sin.

Ḃí trí cinn de sna daingeanaiḃ, áṁṫaċ, agus níor ṫoiliġ sí ċun aon ċuid acu do ċur 'gá gcimeád. B'iad daingeana iad san ná Huircánia agus Alexandria agus Macheron, mar a raiḃ an ċuid ba ṁó d'á cuid saiḋḃris i gcimeád aici. Do tuig sí, dá gcuireaḋ sí cimeád na ndaingean san mar ċúram ar na Sadducíneaċaiḃ go ndéarfaḋ na Fairisínig go raiḃ an iomad iontaoiḃe aici asta, agus go mb'féidir go ndéanfidís toirmeasg.

Ní deir an ceaṫraṁaḋ leaḃar de leaḃraiḃ na Macabéaċ aon focal i dtaoḃ na Sadducíneaċ a ḋul ag cimeád na ndaingean. Ní deir sé aċ gur tug sí cead dóiḃ iad féin do sgaipe ar ċaṫraċaiḃ na tíre mar ba toil leó, agus gur imṫig i n-aon-feaċt leó aicme ar a dtugtí na h-Esseniánaċa, aicme d'ár tug na Fairisínig an fuaṫ céadna a tugadar do sna Sadducíneaċaiḃ.

Sa ḃliain roim Ċríost seaċt ndeic a dó iseaḋ do deineaḋ an sgaipe sin ar na Sadducíneaċaiḃ, agus sa ḃliain sin iseaḋ do rugaḋ Héróḋ úd a ḃí 'n-a

rí ar Iúdéa 'n-a ḋiaiḋ san. Ḃeiḋ a lán againn le ráḋ i dtaoḃ an Héróid sin ar ball.

Antipas ab ainm d'á aṫair, nú Antipater, do réir na Gréigise a ċuir sé féinig ar a ainm. Tá tuairisgí bun os cionn le n-a ċéile againn sa tsean-aċas ar an ḃfear san. Cúntas faḃramail ag sean-aċaiḋe 'á taḃairt air agus a ṁalairt sin de ċúntas ag seanaċaiḋe eile 'á taḃairt air, fé mar a bíoḋ duine acu go báiḋeaṁail le n-a ṁac agus duine eile acu míḃáiḋeaṁail leis.

Damascén ab ainm do ṡeanaċaiḋe acu san. Ḃí Antipas tar éis mórán taḃartaistí do ḃronnaḋ air. Do sgríoḃ sé cúntas ar ḃeata Antipais nuair a ḃí Héród, mac an Antipais sin, 'n-a rí. Do ṁol sé Antipas sa ċúntas san, agus duḃairt sé gur ṡíolruiġ sé ó ḋuine de sna Iúdaiġ ab uaisle d'ár ṫáinig abaile a' ḃraiġdineas Ḃaibilóin. Do laḃair seanaċaiḋe eile, .i. Ióséṗus, i gcoinniḃ an ċúntais sin agus duḃairt sé gur ḃ'éiteaċ é; gur ṡíolruiġ an t-Antipas san ó ḋuin'uasal Iduméaċ, agus gur ḋein Alegsandar Iamnéus riaġaltóir de ar Iduméa, agus go raiḃ sé 'na riaġaltóir ar Iduméa i réim na banríġne Alegsandra. Do réir Ióséṗuis, d'á ḃríġ sin, Iduméaċ ab eaḋ Antipater, nú Antipas, aṫair Héróid. Aċ níor ṗáganaċ é. Iúdaċ ab eaḋ é, i gcreideaṁ, mar ḃí na h-Iduméiġ tar éis iompáil 'n-a nIúdaċaiḃ an uair sin.

Timpal na bliana seaċt ndeiċ roim Ċríost táinig sgéala ċun na banríġne Alegsandra, go raiḃ Tigranés, rí Arménia, tagaiṫe isteaċ i gcríċ Suíria agus go raiḃ sé ag imḋruidim cataraċ Ptolemais agus caogad míle fear aige, agus go raiḃ sé ceapaiṫe ar teaċt as san isteaċ i Iúdéa. Ċuir an sgéal nua san sgannra ar an dtír go léir, mar ní raiḃ sé de ġustal ag an náisiún aġaiḋ a ṫaḃairt ar a leiṫéiḋ de neart slóġ. Isé rud a ḋein an



ḃanríġin Alegsandra ná teaċtairí do ċur ag triall ar Ṫigranés agus ualaí móra saiḋḃris acu le taḃairt dó, agus a iarraiḋ go cruaiḋ air caradas a ḋéanaṁ léi agus gan aon ḋíoḃáil a ḋéanaṁ di. Do ḋein sé an caradas. Do ġlac sé an saiḋḃreas, agus ḃí sé ana ḃuiḋeaċ. Ḃí a ċúis féin aige. Ḃí na Rómánaiġ ag cur isteaċ ar a ḋúṫaiġ féin um an dtaca san.

## ARISTÓBOLUS.

## XVIII.

Is ar éigin a ḃí an tríoṫċáin sin déanta ag an mbanríġin Alegsandra le Tigranés agus an trioblóid sin curṫa ḋi aici nuair ṫáinig taom breóiteaċta uirṫi, taom a ḃí contaḃarṫaċ toisg í ḃeiṫ ana aosta. Do ċeap an té ab óige d'á macaiḃ go raiḃ an bás buailte léi. Ḃí ḟios aige ná raiḃ a ḋriṫáir, bíoḋ gur ḃ'é an sinsear é, oireaṁnaċ i n-aon ċor ċun ḃeiṫ 'n-a rí. Do ċeap sé an ríġeaċt a ċur i n-áiriṫe dó féinig. D'eiriġ sé sa n-oiḋċe agus tóg sé leis aon ċompradaiḋe amáin agus d'imṫiġ an ḃeirt amaċ a' caṫair Ierúsalem agus ṫugadar aġaiḋ ar ċeann de sna daingeanaiḃ úd go raiḃ na Sadducíniġ 'ġá gcimeád. Ṫánadar go dtí an dain-gean ar a dtugtí Agaba. An fear a ḃí ag cimeád an daingin sin Gabétus ab ainm dó. Duine de sna cóṁairleaċaiḃ ba ḋílse d'á raiḃ ag Alegsandar ab eaḋ an fear san. Do ġlac sé an mac san ab óige de ṁacaiḃ Alegsandair agus taisbeáin sé caradas mór dó ar son a aṫar. Aristóbulus, mar aduḃraḋ, ab ainm do'n ṁac óg san. Sadducíneaċ ab eaḋ Gabétus, agus ḃí áṫas mór air nuair innis Aris-tóbulus dó an níḋ a ḃí beartuiġṫe aige.

"Tá mo ṁáṫair i n-uaċt ḃáis," arsa Aristóbulus,

"agus má imṫiġeann sí gan an ríġeaċt a ḃeiṫ curṫa i n-áirṫe dom féin agam-sa beiḋ mo ḋriṫáir Huircánus 'n-a rí agus ní'l aon ṁaiṫ ann ċun na ríġeaċta do láimseáil. Déanfiḋ na Fairisínig amadán de, agus is acu a ḃeiḋ an ċómaċt."

D'aontuiġ Gabétus leis an gcainnt sin gan a ṫuille riġnis. Nuair aontuiġ Gabétus d'aontuiġ na cinn a ḃí ar na daingeanaiḃ eile.

Ṫug an banríġin fé ndeara ná raiḃ a mac Aristóbulus sa ḃaile. Níor ċuiṁniġ sí, áṁṫaċ, ar aon droċ ḃeart a ḃeiṫ ar siuḃal aige go dtí go dtáinig na Fairisínig ċúiċi agus sgeón ionta agus gur innseadar di go raiḃ muinntir na ndaingean go léir iompuiġṫe ċuige agus go raiḃ neart na ríġeaċta greamuiġṫe ċeana féin aige.

Ḃí an banríġin ró lag ċun puinn suime ċur sa ġnó. Ḃí an armáil ann agus iad dílis fós do'n ḃanríġin, aċ do ṫuig na Fairisínig gur ḃaoġal ná beaḋ an armáil dílis dóiḃ féin, mar go raiḃ a lán annsmaċta imearṫa acu, ó am go h-am, ar an armáil sin, agus náċ báiḋ ná dílse a ḃí tuillte acu uaṫa, aċ a ṁalairt sin ar fad. Ṫuigeadar go raiḃ gaċ aon deaḃraṁ go n-iompóċaḋ an armáil go léir ċun Aristóbuluis agus ċun na Sadducíneaċ. Isé rud a deineadar ná an mac ba sine, .i. Huircánus, do ṫaḃairt leó i láṫair na banríġne agus a iarraiḋ uirṫi rí déanaṁ de.

"Táim-se ró lag anois," arsan ḃanríġin, "ċun ḃeiṫ ag cuiṁneaṁ ar ġnóṫaiḃ ríġeaċta. Tá armáil agus saiḋḃreas agaiḃ agus ní'l aon ḃac oraiḃ siḃ féin a ċosaint ar Aristóbulus. Ḃíoḋ Huircánus ansan 'n-a rí agaiḃ am' ḋiaiḋ-se. Isé a ċeart é ó 'sé an mac is sine é."

Nuair a ḃí an focal san ráiḋte aici fuair sí bás; ḃí sí an uair sin sa ḃliain seaċt ndeiċ a trí (73) d'á h-aois, agus sa naoṁaḋ bliain d'á réim.



Lá duḃaċ ab eaḋ an lá san d'aicme na bFairisíneaċ. Ḃí naoi mbliana caiṫte acu ag déanaṁ an uile ṡaġas uilc ar na Sadducíneaċaiḃ, agus ḃí gaċ aon deaḃraṁ an uair sin go ndéanfí a ndroċ ḃearṫa do ċúiteaṁ go h-iomlán leó. Lá áṫais ab eaḋ é, ní h-aṁáin do sna Sadducíneaċaiḃ aċ do gaċ aicme eile de ḋaoiniḃ na ríġeaċta ċóṁ maiṫ. Ní raiḃ aon aicme daoine sa ríġeaċt ná raiḃ éugcóir ṫrom déanta ag na Fairisíneaċaiḃ orṫa. Ḃí úsáid acu 'á ḋéanaṁ i gcoṁnuiḋe, i gcaiṫeaṁ na naoi mbliain, de ċóṁaċt na banríġne, ċun iad féin do neartú agus do ṡaiḋḃriú agus ċun daoine eile do ċimeád fé ċois agus do ḃoċtainiú, idir Ṡadducíneaċa agus uile. Ḃí a rian air. Nuair a fuair na daoine go raiḃ Aristóbulus 'n-a rí agus go raiḃ sé i gcoinniḃ na bFairisíneaċ do ġaiḃ an pobul go léir a ṗáirt. Ansan do ġlac an armáil a ṗáirt. Ansan ní raiḃ ag na Fairisíneaċaiḃ le déanaṁ aċ breiṫ ar ṁnaoi agus ar ċlainn Aristóbuluis, a ḃí 'n-a ḋiaiḋ i gcaṫair Ierúsalem, agus iad do ċur isteaċ i bpríosún ċun iad a ċimeád i ngeall 'n-a ċoinniḃ. Ba ġearr go bfeacadar nár ċuir san aon ċosg leis agus go raiḃ a ċóṁaċt ag neartú i n-aġaiḋ an lae. Ansan do ċruinniġdar sluaġ 'n-a ċoinniḃ. Siné díreaċ an rud a ṫaiṫn leis. Ḃí fios aige go raiḃ bláṫ armála na ríġeaċta aige agus nár ḃaoġal dó pé arṁáil a ḃí agá ḋriṫáir. Do ṡocaruiġ sé ar ċaṫ a ṫaḃairt d'á ḋriṫáir ċóṁ luaṫ agus do b'féidir é. Ṫáinig an dá ṡluaġ i gcoinniḃ a ċéile i n-aice Ierichó. Ċóṁ luaṫ agus ṫáinig an dá ṡluaġ i gcóṁngar d'á ċéile siúd anonn ag triall ar Aristóbulus an ċuid ba ṁó agus ab fearr de ṡluaġ Huircánuis. Ċuir san deire go luaṫ leis an gcaṫ. Ní h-innstear gur marḃuiġeaḋ aoinne. Do ṫeiċ Huircánus tar n-ais go caṫair Ierúsalem agus ċuaiḋ sé isteaċ agus ḋainginiġ sé é féin sa ċaisleán ċéadna i n-a

raiḃ bean agus clann Aristobuluis 'n-a bpríosún-aċaiḃ. An rainnt beag fear do lean é ċuadar agus ġlacadar tearmain i n-imeallaiḃ áite an teampuil. Ní fada a bíodar sa tarmain sin nuair a ṫánadar amaċ as agus d'imṫiġdar anonn agus ġaḃadar le sluaġ Aristobuluis. Ansan ṫáinig Huircánus ag triall ar a ḋriṫáir agus duḃairt sé leis mar seo :—

“Feuċ, a ḋriṫáir,” ar seisean, “ní'l aon dúil i gcómaċt ná i ríġeaċt agam-sa. Leog dom dul agus maireaċtaint ar m'fearan beag féinig ar mo ṡuainear, agus bíoḋ an ríġeaċt agat-sa agus mo ḃeannaċt.” Socaruiġdar air sin.

## XIX.

## D'IMṪIĠ ANTIPATER SOIR.

Mar aduḃraḋ, ní raiḃ aon dúil i gcómaċt ná i ngradam ríġeaċta ag Huircánus. I suainear agus i socaraċt iseaḋ ḃí dúil aige. Níor ṁór leis d'á ḋriṫáir an ríġeaċt agus an ċómaċt agus an gradam aċ go leogfí ḋó féinig maireaċtaint ar a ṡuainear ar pé estát talṁan a ḃí 'n-a ċeart féin aige. Ṫug sé suas d'á ḋriṫáir an ríġeaċt agus an Árdṡagartaċt agus d'imṫig aḃaile ċun a ṫiġe féin. Níor ṫaiṫn san leis na Fairisínig. Ḃí fios acu gur ag na Sadducínig a ḃeaḋ an láṁ uaċtair an ḟaid a ḃeaḋ Aristóbulus i gcómaċt, agus ḃí sé daingean 'n-a n-aigne go ndíolfaḋ na Sadducínig an cómar leó as ar ḋeineadar féin d'olc ar an aicme sin i gcaiṫeaṁ na naoi mblian úd a ḃí an ḃanríġin Alexandra i gcómaċt. D'á ḃríġ sin níor stad na Fairisínig de ḃeiṫ ag faire ċuca feuċaint an dtiocfaḋ aon aṫarú sa traoġal a ṫaḃarfaḋ Huircánus amaċ aiṙís as an suainear a ḃí ceapaiṫe aige ḋó



féin agus a ċuirfaḋ ḟiaċaint air ḃeiṫ 'n-a rí pé leisge a ḃí roimis an ngradam air.

Ḃí aon ḟear aṁáin, .i. an fear úd gur ḃ'ainm ḋó Antipater, aṫair Heróid, agus ḃí sé ag faire go géar ar na Fairisíneaċaiḃ agus ar Aristóbulus agus ar Huircánus. Ní raiḃ aon ḃáiḋ aige leis na Fairisíneaċaiḃ ná leis na Sadducíneaċaiḃ seaċas a ċéile, aċ ḃí eagla aige roim Aristóbulus, agus seo mar a ṫárla an t-eagla. Ḃí sé tar éis mórán tairḃe d'ḟáġail ó Alexandar, agus ó'n mbanríġin Alexandra. Ḃí an ḃanríġin tar éis é ċur 'n-a ġoḃernóir ar Idumea. Ḃí súil aige le tuille tairḃe agus le tuille tógáilt cinn ó Huircánus dá mbeaḋ sé 'n-a rí. Mar ġeall ar an súil sin do ġaiḃ sé páirt go dian le Huircánus i gcoinniḃ Aristóbuluis an ḟaid a ḃí an sgéal gan socarú eatarṫa. Nuair a ḃí Aristóbulus socair i gcóṁaċt agus Huircánus ar a ṡuainear sa ḃaile, ḃí lán a ċroiḋe d'eagla ar Antipater go n-agaróċaḋ Aristóbulus air an díoġras a ḃí taisbeánta aige do Huircánus, nú, an ċuid ba luġa ḋe, go raiḃ deire le n-a ṫuille tógáilt cinn ḋó sa traoġal.

Ḃí ḟios aige go raiḃ an sgéal ar an gcuma gcéadna, nú b'ḟéidir níba ṁeasa, ag na Fairisíneaċaiḃ. Do ġluais sé eatarṫa agus ċrom sé ar ḃeiṫ ag cainnt leó. Sa ċainnt ḋó leó ḃí sé ag gaḃáil ḋóiḃ go dtí gur ċuir sé 'n-a luiġe ar a n-aigne go raiḃ dearṁad orṫa féin agus ar Huircánus i dtaoḃ an trocruiġṫe a ḃí déanta acu le h-Aristóbulus.

“Tuigean Aristóbulus go dian ṁaiṫ,” ar seisean, “ná fuil aon ċeart aige ċun na ríġeaċta. Tá ḟios aige gur b'é Huircánus an rí ceart. Ní féidir d'aon trocarú an trínsireaċt a ḃaint de Huircánus agus í ṫaḃairt d'Aristóbulus. Ní féidir d'aon rud rí ceart a ḋéanaṁ d'Aristóbulus aċ aṁáin d'aon rud aṁáin, agus isé níḋ an t-aon rud aṁáin